

Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh

C 157



An t-eagrán Gaeilge

Faisnéis agus Fógraí

Imleabhar 65

11 Aibreán 2022

Clár

I Rúin, moltaí agus tuairimí

MOLTAÍ

An Chomhairle

2022/C 157/01

Moladh ón gComhairle an 5 Aibreán 2022 maidir le soghluaisteacht saorálaithe óga ar fud an Aontais Eorpaigh ⁽¹⁾ 1

II Faisnéis

FAISNÉIS Ó INSTITIÚIDÍ, Ó CHOMHLACHTAÍ, Ó OIFIGÍ, AGUS Ó GHNÍOMHAIREACHTAÍ AN AONTAIS EORPAIGH

An Coimisiún Eorpach

2022/C 157/02

Gan cur i gcoinne comhchruinniú ar tugadh fógra faoi (Cás M.10531 – SANTANDER / MAPFRE / JV) ⁽¹⁾ 10

IV Fógraí

FÓGRAÍ Ó INSTITIÚIDÍ, Ó CHOMHLACHTAÍ, Ó OIFIGÍ, AGUS Ó GHNÍOMHAIREACHTAÍ AN AONTAIS EORPAIGH

An Chomhairle

2022/C 157/03

Fógra le haghaidh na ndaoine, na n-eintiteas agus na gcomhlachtaí atá faoi réir bearta sriantacha dá bhforáiltear i gCinneadh 2014/145/CBES ón gComhairle, arna leasú le Cinneadh (CBES) 2022/582 ón gComhairle, agus i Rialachán (AE) Uimh. 269/2014 ón gComhairle, arna chur chun feidhme le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/581 ón gComhairle a bhaineann le bearta sriantacha i ndáil le gníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin 11

GA

⁽¹⁾ Téacs atá ábhartha maidir le LEE.

2022/C 157/04	Fógra le haghaidh na n-ábhar sonraí a mbeidh feidhm ina leith ag na bearta sriantacha dá bhforáiltear i gCinneadh 2014/145/CBES ón gComhairle agus Rialachán (AE) Uimh. 269/2014 ón gComhairle a bhaineann le bearta sriantacha i ndáil le gníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin.....	13
---------------	--	----

An Coimisiún Eorpach

2022/C 157/05	Rátaí malairte an euro — 8 Aibreán 2022	15
---------------	---	----

An Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí

2022/C 157/06	Achoimre ar Thuairim an Mhaoirseora Eorpaigh ar Chosaint Sonraí maidir le Togra lena leasaítear an Treoir i ndáil leis an gcreat chun Córais Chliste Iompair a úsáid i réimse an iompair de bhóthar (<i>Tá téacs iomlán na Tuairime seo le fáil i mBéarla, i bhFraincis agus i nGearmáinis ar shuíomh gréasáin an MECS www.edps.europa.eu</i>)	16
---------------	--	----

V Fógairtí

NÓSANNA IMEACHTA A BHAINNEANN LEIS AN mBEARTAS IOMAÍOCHTA A CHUR CHUN FEIDHME

An Coimisiún Eorpach

2022/C 157/07	Réamhfhógra faoi chomhchruinniú (Cás M.10647 – HOYA / BOE Vision / JV) — Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe (!)	19
2022/C 157/08	Réamhfhógra faoi chomhchruinniú (Cás M.10650 – EGERIA / ISOPLUS GROUP / BRUGG / ISOPLUS JV) — Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe (!)	21
2022/C 157/09	Fógra d'oibreoirí eacnamaíocha — Babhta nua d'arrataí ar na dleachtanna Comhtharaife Custaim uathrialaitheacha ar tháirgí áirithe tionsclaíocha agus talmhaíochta a chur ar fionraí	23

GNÍOMHARTHA EILE

An Coimisiún Eorpach

2022/C 157/10	Teachtaireacht a fhoilsiú maidir le leasú caighdeánach a fhorghnó ar an tsonraíocht táirge le haghaidh ainm in earnáil an fhíona dá dtagraítear in Airteagal 17(2) agus (3) de Rialachán Tarmilgthe (AE) 2019/33 ón gCoimisiún	24
---------------	--	----

(!) Téacs atá ábhartha maidir le LEE.

I

(Rúin, moltaí agus tuairimí)

MOLTAÍ

AN CHOMHAIRLE

MOLADH ÓN GCOMHAIRLE

an 5 Aibreánv 2022

maidir le soghluaisteacht saorálaithe óga ar fud an Aontais Eorpaigh

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(2022/C 157/01)

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagail 165 agus 166 de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

1. An 15 Meán Fómhair 2021, d'fhógair an tUachtarán an Choimisiúin Eorpaigh san Aitheasc ar Staid an Aontais ⁽¹⁾ go mbeartódh an Coimisiún Eorpach go ndéanfaí Bliain Eorpach na hÓige de 2022, “ag cumhachtú na ndaoine a bhfuil oiread sin tiomnaithe acu féin do dhaoine eile”. Is é is aidhm do Bhliain Eorpach na hÓige, i measc nithe eile, “tacú le daoine óga chun tuiscint níos fearr a fháil ar na deiseanna éagsúla atá ar fáil dóibh agus iad a chur chun cinn go gníomhach, ar deiseanna iad a bhaineann le beartais phoiblí ar leibhéal an Aontais, ar an leibhéal náisiúnta, ar an leibhéal réigiúnach agus ar an leibhéal áitiúil, ar mhaithe le tacú lena bhforbairt phearsanta, shóisialta, eacnamaíoch agus ghairmiúil i ndomhan glas, digiteach agus cuimsitheach, agus é mar aidhm leis sin na bacainní atá fós ann a bhaint” ⁽²⁾.
2. Mar a chuirtear i dtábhacht sa Rún ó Pharlaimint na hEorpa maidir le tionchar COVID-19 ar an óige agus ar an spórt (2020/2864(RSP)) ⁽³⁾, bhí daoine óga i gcroílár na ngníomhaíochtaí a bhí spreagtha ag an dlúthpháirtíocht chun freagairt do riachtanais a bpobal i bhfianaise phaindéim COVID-19, amhail feachtais feasachta a stiúradh, bheith ag obair ar an líne thosaigh mar chuid den Chór Dlíthpháirtíochta Eorpach agus tionscnaimh saorálaíochta eile.
3. Trína ngníomhaíochtaí saorálaíochta sa Chór Dlíthpháirtíochta Eorpach agus i scéimeanna eile, tá éifeacht nithiúil á tabhairt ag daoine óga do Bhrollach an Chonartha ar an Aontas Eorpach (CAE), ina gcuirtear i dtábhacht mian na sínitheoirí an dlúthpháirtíocht idir pobail na hEorpa a dhoimhniú, d'Airteagal 2 CAE, ina luaitear an dlúthpháirtíocht mar cheann de na luachanna is coiteann do na Ballstáit agus d'Airteagal 3 CAE, ina luaitear gurb é is aidhm don Aontas an tsíocháin, a chuid luachanna agus dea-bhail a chuid pobal a chur chun cinn. Leis na ngníomhaíochtaí saorálaíochta cúnamh dhaonnúil a dhéanann siad cuirtear an tsíocháin chun cinn san Eoraip agus ar fud an domhain agus tugtar urraim do dhínit an duine agus do chearta an duine.

⁽¹⁾ https://ec.europa.eu/info/sites/default/files/soteu_2021_address_ga_0.pdf⁽²⁾ Cinneadh (AE) 2021/2316 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Nollaig 2021 maidir le Bliain Eorpach na hÓige (2022) (IO L 462, 28.12.2021, lch. 1).⁽³⁾ Téacsanna atá nglacadh – Tionchar COVID-19 ar an óige agus ar an spórt – Dé Céadaoin, an 10 Feabhra 2021 (europa.eu)

4. Cé go raibh an taithí leis an tSeirbhís Dheonach Eorpach (1996–2018) agus leis an gCór Dlúthpháirtíochta Eorpach rathúil, léiríodh gur gá an tsaoarálaíocht thrasnáisiúnta a éascú a thuilleadh, go háirithe le haghaidh daoine óga dar lú an líon deiseanna. Sa chomhthéacs sin, d'iarr an Chomhairle go ndéanfaí athbhreithniú ar an Moladh ón gComhairle an 20 Samhain 2008 maidir le soghluaisteach saorálaithe óga ar fud an Aontais Eorpaigh (“an Moladh ón gComhairle, 2008”) chun Acmhainneacht Chláir Óige an Aontais a neartú i dtaca le teagmháil a dhéanamh le daoine óga agus cuidiú le pobal a thógáil ⁽⁴⁾. Léirítear é sin go háirithe in Iarscríbhinn 4 maidir leis an bPlean Oibre do Straitéis Óige an Aontais 2019–2027. Thairis sin, sa Tuarascáil ón gCoimisiún maidir le cur chun feidhme Straitéis Óige an Aontais an 14 Deireadh Fómhair 2021 ⁽⁵⁾, tagraítear don athbhreithniú ar Mholadh 2008 ón gComhairle.
5. Tá an chuid is mó de na saincheisteanna a ardaíodh i Moladh 2008 ón gComhairle fós ábhartha, agus coinníodh sa togra seo iad. Tá gá le Moladh 2008 ón gComhairle a thabhairt cothrom le dáta mar gheall ar roinnt forbairtí ó bhí 2008 ann. Is forbairtí tábhachtacha iad seoladh an Chóir Dlúthpháirtíochta Eorpaigh in 2016 agus cruthú scéimeanna agus gníomhaíochtaí náisiúnta nua saorálaíochta, a mbaineann gnéithe trasn náisiúnta leo ⁽⁶⁾ a chuireann deiseanna comhchosúla ar fáil do dhaoine óga uaireanta. I Straitéis Óige an Aontais Eorpaigh 2019–2027 ⁽⁷⁾, iarradh ar na Ballstáit agus ar an gCoimisiún, laistigh dá réimsí inniúlachta féin, comhlántacht agus sineirgí a lorg idir ionstraimí cistiúcháin an Aontais agus scéimeanna náisiúnta, réigiúnacha agus áitiúla.
6. I meastóireacht ar Straitéis Óige an Aontais agus ar Mholadh 2008 ón gComhairle ⁽⁸⁾, aithníodh go raibh sé ní ba phráinní in 2015 ná mar a bhí sé in 2008 daoine ó chúlraí faoi mhíbhuntáiste a chuimsiú. Áirítear le riachtanais eile a aithníodh ach nár tugadh aghaidh orthu le Moladh 2008 dearbhú cáilíochta le haghaidh tionscadail saorálaíochta, deiseanna fothaithe acmhainneachta d'eagraíochtaí agus faireachán níos fearr ar chur chun feidhme an Mholta. Rinne sainghrúpa tuilleadh moltaí beartais ⁽⁹⁾, lenar clúdaíodh comhroinnt eolais agus líonrú, rochtain ar an tsaoarálaíocht, constaici riaracháin, feasacht, aitheantas, saorálaíocht dhigiteach agus comhthéacs an chomhshaoil, a bhí mar bhonn eolais don Mholadh atá beartaithe.
7. Ó bhí 2008 ann, bhí tionchar tromchúiseach ag géarchéimeanna, mar shampla géarchéimeanna a chuireann isteach ar shoghluaisteach fhisiciúil thrasnáisiúnta saorálaithe. Chuir paindéim COVID-19 i dtábhacht an tábhacht a bhaineann le slándáil, sábháilteacht agus sláinte coirp agus meabhair gach rannpháirtí a áirithiú i gcónaí, lena n-áirítear forálacha a dhéanamh maidir leis an tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag imthosca gan choinne a bhainistiú. Thairis sin, le fada an lá, bhain coincheap na “saorálaíochta trasn náisiúnta” sa chleachtas le gníomhaíochtaí ina mbíonn soghluaisteach fhisiciúil na saorálaithe i gceist. Tá treocheaí nua saorálaíochta tagtha chun cinn, áfach, i ngeall ar dhul chun cinn teicneolaíochta agus faoi thionchar phaindéim COVID-19. Léirigh an tsaoarálaíocht dhigiteach go bhféadfadh sí an tsoghluaisteach fhisiciúil a chomhlánú nó a bheith ina cineál roghnach eile saorálaíochta fiú, go háirithe le haghaidh daoine óga nach bhfuil in ann aistear a dhéanamh. Léirigh gné idirghlúine

⁽⁴⁾ IO C 456, 18.12.2018, lgh. 1

⁽⁵⁾ Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig an gCoiste Eacnamaíoch agus Sóisialta agus chuig Coiste na Réigiún maidir le cur chun feidhme Straitéis Óige an Aontais Eorpaigh (2019–2021), COM/2021/636 final.

⁽⁶⁾ Rialachán (AE) 2021/888 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Bealtaine 2021 lena mbunaítear Clár an Chóir Dlúthpháirtíochta Eorpaigh. Is féidir gníomhaíochtaí saorálaíochta a dhéanamh i dtíortha nach bhfuil san Aontas:

- mar a fhoráiltear in Airteagal 7.2 de Rialachán (AE) 2021/888, “*Féadfar saorálaíocht a dhéanamh i dtír nach tír chónaithe an rannpháirtí í ('saorálaíocht trasteorann') nó i dtír chónaithe an rannpháirtí ('saorálaíocht intíre')*”. Tír nach tír chónaithe an rannpháirtí í, féadfaidh sé gur tríú tír í atá comhlachaithe leis an gClár nó gur tír rannpháirteach eile í;

- mar a fhoráiltear in Airteagal 10.2 de Rialachán (AE) 2021/888, “*Ní féadfar saorálaíocht faoin gCór Saorálach Eorpach um Chabhair Dhaonnúil a dhéanamh ach sna réigiúin sin de thríú tíortha ina ndéantar gníomhaíochtaí agus oibriochtaí cabhrach daonnúla; agus nach bhfuil aon choinbhleachtaí armtha leanúnacha idirnáisiúnta nó neamh-idirnáisiúnta ar siúl iontu*”.

Thairis sin, mar a fhoráiltear in Airteagal 2(3), tá rannpháirtíocht sa Chlár oscailte freisin d'aon náisiúnach tríú tír “*atá ina chónaí nó ina cónaí go dlíthiúil i mBallstát, i dtírú tír atá comhlachaithe leis an gClár nó i dtír rannpháirteach eile faoin Rialachán seo*”.

⁽⁷⁾ [https://eur-lex.europa.eu/legal-content/GA/TXT/PDF/?uri=CELEX:42018Y1218\(01\)&qid=1578414694481&from=GA](https://eur-lex.europa.eu/legal-content/GA/TXT/PDF/?uri=CELEX:42018Y1218(01)&qid=1578414694481&from=GA)

⁽⁸⁾ Meastóireacht ar Straitéis Óige an Aontais agus ar an Moladh ón gComhairle maidir le soghluaisteach saorálaithe óga, 2016.

⁽⁹⁾ “Soghluaisteach saorálaithe óga agus dlúthpháirtíocht trasteorann a chur chun cinn, bosca uirlisí praiticiúil le haghaidh gníomhaithe agus páirtithe leasmhara i réimse na hóige agus moltaí le haghaidh lucht ceaptha beartas”, arna fhorbairt ag an sainghrúpa a bhunaigh an Coimisiún Eorpach chun tacú leis an bpróiseas athbhreithnithe ar Mholadh 2008 ón gComhairle maidir le soghluaisteach saorálaithe óga, 2021 (rinneadh an obair idir mí Mheán Fómhair 2019 agus mí Mheán Fómhair 2020).

na saorálaíochta go soiléir freisin an tábhacht atá léi maidir le dul i ngleic leis na dúshlán dhéimeagrafacha atá le sárú ag ár sochaí. Tá ábhair inní maidir leis an gcomhshaol agus maidir leis an athrú aeráide ag barr chláir oibre polaitiúil an Aontais agus ní mór iad a léiriú i ngníomhaíochtaí ina mbíonn an tsoghluaisteacht thrasnáisiúnta i gceist.

8. Sa Teachtaireacht ón gCoimisiún Eorpach maidir leis an Limistéar Eorpach Oideachais a bhunú faoi 2025 ⁽¹⁰⁾ cuireadh i dtábhacht an tábhacht a bhaineann le cuimsitheacht, cáilíocht agus aitheantas na n-eispéireas trasteorann faoin gCór Dlíthpháirtíochta Eorpach. Ráthaíochtaí maidir le cáilíocht na ndeiseanna atá ar fáil agus soláthar na tacaíochta iomchuí do rannpháirtithe ag gach céim den eispéireas saorálaíochta, is réamhriachtanas iad le haghaidh na ngníomhaíochtaí saorálaíochta le go dtairbheoidh pobail agus saorálaithe óga díobh.
9. Sa Rún ón gComhairle maidir le creat straitéiseach le haghaidh comhar Eorpach san oideachas agus san oiliúint i dtreo an Limistéir Eorpaigh Oideachais agus níos faide anonn (2021-2030), dheimhnigh an Chomhairle i réimse tosaíochta 1 sa chreat straitéiseach gur saincheist nithiúil ó thaobh na gníomhaíochta de é “an fhoghlaím sheachfhoirmiúil, lena n-áirítear an tsaorálaíocht, a chothú, luach a chur uirthi agus í a aithint, agus feabhas a chur ar chuimsitheacht, ar cháilíocht agus ar aitheantas gníomhaíochtaí dlúthpháirtíochta trasteorann”.
10. Tá sé ar cheann de na chéad dúshlán atá le sárú ag daoine óga ar spéis leo taithí a fháil ar an tsaorálaíocht thrasnáisiúnta rochtain a fháil ar fhaisnéis sholáimhsithe maidir lena stádas agus maidir lena gcearta mar shaorálaithe, ar shuíomh gréasáin náisiúnta tiomnaithe, ionas gur féidir leo tús a chur lena ngníomhaíocht saorálaíochta trasnáisiúnta agus iad go hiomlán ar an eolas faoin tionchar a bheidh aici ar a gcearta agus ar a dteidlíochtaí slándála sóisialta sa Bhallstát óstach agus sa Bhallstát ina bhfuil gnáthchónaí orthu ⁽¹¹⁾. De bhun Rialachán (AE) 2018/1724 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 2 Deireadh Fómhair 2018 maidir le pointe rochtana aonair digiteach a bhunú chun rochtain ar fhaisnéis, ar nósanna imeachta agus ar sheirbhísí cúnamh agus réitigh fadhbanna a sholáthar, tá sé d’oibleagáid ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit cheana féin faisnéis sholáimhsithe ar líne a sholáthar do shaoránaigh an Aontais maidir le cearta, oibleagáidí agus rialacha a leagtar síos i ndlí an Aontais agus sa dlí náisiúnta i réimse na saorálaíochta i mBallstát eile ⁽¹²⁾.
11. Ní féidir dul i ngleic le go leor saincheisteanna a bhaineann leis an tsoghluaisteacht thrasnáisiúnta ar an leibhéal náisiúnta amháin, ós rud é go mbíonn na Ballstáit seolta agus na Ballstáit óstacha i gceist leis na gníomhaíochtaí. Is féidir creataí riaracháin agus dlíthiúla le haghaidh na saorálaíochta a bheith éagsúil ó Bhallstát go Ballstát. Tá sé den rithábacht go mbeidh, ag daoine óga ar mian leo a bheith rannpháirteach i ngníomhaíocht saorálaíochta thrasnáisiúnta, faisnéis chuimsitheach thacúil a bhaineann leis na rialacha náisiúnta dlíthiúla agus riaracháin lena rialaítear an tsaorálaíocht, go háirithe faisnéis maidir le cumhdach slándála sóisialta sna Ballstáit seolta agus óstacha araon.
12. Leis an Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus le Plean Gníomhaíochta Coiste na Réigiún um imeascadh agus cuimsiú 2021-2027 ⁽¹³⁾, aithnítear ról na saorálaíochta chun daoine ar lú na deiseanna atá acu a imeascadh agus a chuimsiú. I gcás go leor acu, d’fhéadfadh sé gurb iad na gníomhaíochtaí saorálaíochta sin an deis is inrochtana soghluaisteacht trasteorann a thriail, go háirithe i bhformáidí gearrthearma nó i ngrúpaí nó foirne.
13. Féadfaidh bacainní riaracháin agus praiticiúla ar an tsaorálaíocht trasteorann a bheith roimh náisiúnaigh tríú tír i gcás inar gá dóibh iarratas a dhéanamh ar víosa ghearrthéarmach nó fhadtéarmach nó ar chead cónaithe chun críche seirbhíse saorálaíochta i mBallstát eile. Le Treoir (AE) 2016/801, rialaítear na coinníollacha maidir le víosa fhadtéarmach nó cead cónaithe a fháil chun cead isteach i mBallstát den Aontas a fháil chun críoch seirbhíse saorálaíochta. Níl forálacha ann, áfach, maidir le soghluaisteacht laistigh den Aontas i dtaca le saorálaithe tríú tír.

⁽¹⁰⁾ Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa, agus chuig Coiste na Réigiún maidir leis an Limistéar Eorpach Oideachais a bhaint amach faoi 2025, COM(2020)625 final, le fáil ag EUR-Lex - 52020DC0625 - GA - EUR-Lex (europa.eu)

⁽¹¹⁾ Le Rialachán (CE) Uimh. 883/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Aibreán 2004 maidir le comhordú na gcóras slándála sóisialta, ba cheart a mheabhú go ndéantar foráil i dtaca le comhordú cearta slándála sóisialta, lena n-áirítear sochair bhreuiteachta, i gcásanna trasteorann agus baineann sé le saorálaithe ag aistriú idir na Ballstáit.

⁽¹²⁾ IO L 295, 21.11.2018, Ich. 32, Iarscríbhinn I, roinn E. Curtha chun feidhme tríd an tairseach “Your Europe”: An Eoraip Agatsa (europa.eu)

⁽¹³⁾ COM (2020) 758 final.

14. Baineann saorálaithe amach torthaí foghlama lena méadaítear a n-infhostaitheacht de bharr eispéiris saorálaíochta. Tá creataí náisiúnta nó creataí de chuid an Aontais (is iad sin, Youthpass ⁽¹⁴⁾ agus Europass ⁽¹⁵⁾) ann lena dtacaítear le torthaí foghlama na ngníomhaíochtaí saorálaíochta a shainaithint, a dhoiciméadú agus a bhailíochtú. Leis an Moladh ón gComhairle an 20 Nollaig 2012 maidir le bailíochtú na foghlama seachfhoirmiúla agus neamhfhoirmiúla ⁽¹⁶⁾, iarradh ar fhostóirí agus ar eagraíochtaí na hóige agus na sochaí sibhialta aitheantas agus doiciméadú torthaí foghlama a fhaightear ag an obair nó i ngníomhaíochtaí saorálaíochta a chur chun cinn agus a éascú. Sa mheastóireacht ⁽¹⁷⁾ ar Mholadh 2012 ón gComhairle, aithníodh réimsí ina bhfuil gníomhaíocht bhreise ag teastáil chun spriocanna Mholadh 2012 ón gComhairle a bhaint amach, chun rochtain a thabhairt do dhaoine ar níos mó deiseanna bailíochtaithe agus ar dheiseanna bailíochtaithe níos fearr, rud a chuirfidh ar a gcumas dóibh rochtain a fháil ar an mbreisfhoghlaím agus leas a bhaint as a gcuid scileanna i sochaí na hEorpa agus i margadh an tsaothair. Sainítear le Cinneadh Europass an 18 Aibreán 2018 go bhfuil saorálaithe i measc a spriocghrúpaí.
15. Le forbairtí nua ó bhí 2008 ann, fianaise maidir le bacainní ar an tsaoorálaíocht thrasnáisiúnta agus moltaí beartais ó shainghrúpa i dtaca le soghluaisteacht saorálaithe óga a chur chun cinn, iarrtar Moladh nua ón gComhairle maidir leis an tsaoorálaíocht, d'fhoillfeabhas a chur ar cháilíocht shaorálaíocht thrasnáisiúnta na hóige agus an fhoghlaím fhrithpháirteach, líonrú agus sineirgí idir scéimeanna agus gníomhaíochtaí saorálaíochta sna Ballstáit agus sa Chór Dlíthpháirtíochta Eorpach a spreagadh.
16. Urramaítear go hiomlán leis an Moladh seo prionsabail na coimhdeachta agus na comhréireachta.

AITHNÍONN SÍ:

17. Chun críocha an Mholta seo, úsáidtear an sainmhíniú céanna ar “saorálaíocht” a úsáidtear i Rialachán (AE) 2021/888 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Bealtaine 2021 lena mbunaítear Clár an Chóir Dlíthpháirtíochta Eorpach, eadhon gníomhaíocht dlíthpháirtíochta a mhaireann suas le 12 mhí, ar gníomhaíocht dheonach gan íocaíocht í ⁽¹⁸⁾ a rannchuidíonn leis an leas coiteann a bhaint amach. I gcás ina ndéantar foráil le scéimeanna trasnáisiúnta sna Ballstáit maidir le gníomhaíochtaí dlíthpháirtíochta a mhaireann níos faide ná 12 mhí, gníomhaíochtaí a chomhfhreagraíonn don sainmhíniú ar an tsaoorálaíocht ar shlí eile, beartófar gurb í an tsaoorálaíocht atá i gceist leo chun críocha an Mholta seo agus dá bhrí sin, áireofar i raon feidhme an Mholta iad.
18. Le saorálaíocht na hóige faoin Moladh seo, áirítear saorálaíocht ar fud an Aontais a dhéanann náisiúnaigh an Aontais nó náisiúnaigh tríú tír a bhfuil cónaí orthu i mBallstát amháin agus atá ag aistriú chuig Ballstát eile chun críche seirbhíse deonaí, faoin gCór Dlíthpháirtíochta Eorpach nó faoi aon scéim nó aon ghníomhaíocht náisiúnta trasteorann saorálaíochta sna Ballstáit. A mhéid is féidir, ba cheart gníomhaíochtaí saorálaíochta idir na Ballstáit agus tríú tíortha a chur san áireamh sna gníomhaíochtaí a dhéanann na Ballstáit agus an Coimisiún mar fhreagra ar an Moladh seo. Níor cheart drochthionchar a bheith ag gníomhaíochtaí saorálaíochta ar fhostaíocht íochta a d'fhéadfadh a bheith ann ná ar fhostaíocht íochta atá ann cheana, agus níor cheart breathnú orthu mar ionadaíthe ar an bhfostaíocht íochta. Leis na téarmaí “óige” agus “óg”, cumhdaítear an t-aoisghrúpa idir 18 mbliana d'aois agus 30 bliain d'aois.
19. Ciallaíonn daoine óga ar lú na deiseanna atá acu daoine óga a mbíonn bacainní rompu a chuireann cosc orthu rochtain éifeachtach a bheith acu ar dheiseanna, ar chúiseanna eacnamaíocha, sóisialta, cultúrtha, geografacha nó sláinte, mar gheall ar a gcúlra imirceach, nó ar chúiseanna amháil míchumas nó deacrachtaí oideachais nó ar aon chúis eile, lena n-áirítear cúis a bhféadadh idirdhealú faoi Airteagal 21 de Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais eascairt aisti ⁽¹⁹⁾.

⁽¹⁴⁾ Is é Youthpass an príomhionstraim aitheantais agus bhailíochtaithe atá ar fáil do gach rannpháirtí in Erasmus+ agus sa Chór Dlíthpháirtíochta Eorpach chun an próiseas foghlama a léiriú agus chun a dtorthaí foghlama i dtostas Youthpass a dhoiciméadú.

⁽¹⁵⁾ Le Cinneadh (AE) 2018/646 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Aibreán 2018 maidir le creat comhchoiteann le haghaidh soláthar seirbhísí níos fearr do scileanna agus do cháilíochtaí (Europass) agus lena n-aisghairtear Cinneadh Uimh. 2241/2004/CE (IO L 112, 2.5.2018, lch. 42.), bunaítear creat Eorpach chun tacú le trédhearcacht agus le tuiscint na scileanna agus na gcáilíochtaí a shealbhaítear i suíomhanna foirmiúla, seachfhoirmiúla agus neamhfhoirmiúla, lena n-áirítear trí thaithe phraiticiúil, tríd an tsoghluaisteacht agus tríd an tsaoorálaíocht.

⁽¹⁶⁾ IO C 398, 22.12.2012, lgh. 1.

⁽¹⁷⁾ Meastóireacht ar Straitéis Óige an Aontais agus ar an Moladh ón gComhairle maidir le soghluaisteacht saorálaithe óga (europa.eu), 2016.

⁽¹⁸⁾ Ní íoctar saorálaithe as a gcuid ama ach féadfar costais a bhíonn teoranta do thaisteal, bia nó lóistín agus/nó costais bheaga phearsanta eile de ghnáth a chumhdach.

⁽¹⁹⁾ Féach an sainmhíniú céanna i Rialachán (AE) 2021/888, Airteagal 2 (4).

AG MOLADH LEIS SEO DO NA BALLSTÁIT:

Leanúint den tsaorálaíocht thrasnáisiúnta san Eoraip agus níos faide i gcéin a chur chun cinn, agus aird chuí á tabhairt ar chreataí náisiúnta agus ar an reachtaíocht i réimse na gníomhaíochtaí deonacha, agus ar thosaíochtaí náisiúnta foriomlána na mBallstát, deiseanna áitiúla atá ann cheana agus córais chaiteachais phoiblí.

Forbairt na modhanna oibre seo a leanas a éascú, chun na críche sin:

20. Breathnú a dhéanamh ar bhearta lena rannchuidítear nó lena gcoimeádtar creat reachtach agus cur chun feidhme atá leormhaith agus soiléir maidir le sláinte, sábháilteacht agus slándáil rannpháirtithe i gníomhaíochtaí saorálaíochta trasnáisiúnta tríd an méid seo a leanas a dhéanamh:
 - a) a áirithiú gur féidir le gach saorálaí tairbhe a bhaint as cumhdach slándála sóisialta i mBallstát, i gcomhréir le forálacha Rialachán (CE) Uimh. 883/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Aibreán 2004 maidir le comhordú na gcóras slándála sóisialta;
 - b) Tacaíocht a thabhairt d'eagraithe a bhfuil baint acu le cur chun feidhme gníomhaíochtaí saorálaíochta chun a áirithiú go bhfuil nósanna imeachta soiléire agus iontaofa i bhfeidhm chun cúram a dhéanamh de shaorálaithe agus cúnamh a thabhairt dóibh i gcás géarchéimeanna, éigeandálaí agus imthosca eile gan choinne.
21. Faisnéis inrochtana a sholáthar agus feasacht a mhúscailt ar chearta saorálaithe mar a shonraítear leis an gcreat tiomnaithe a leagtar amach thuas, go háirithe:
 - a) a áirithiú go bhfuil suíomh gréasáin náisiúnta ann, a chomhlíonann ceanglais na Treorach maidir le hInrochtaineacht Ghréasáin ⁽²⁰⁾, chun faisnéis phraiticiúil inrochtana chuimsitheach a chur ar fáil do shaorálaithe, ar faisnéis í a bhaineann leis na rialacha náisiúnta dlíthiúla agus riaracháin lena rialaítear an tsaorálaíocht i mBallstát eile agus leis an tionchar a bhíonn ag saorálaíocht i mBallstát eile ar chearta slándála sóisialta agus teidlíochtaí slándála sóisialta ⁽²¹⁾ an tsaorálaí (saorálaithe AE isteach agus amach araon);
 - b) tacú le soláthraithe faisnéise don óige trí oiliúint a spreagadh chun faisnéis atá fabhrach don óige a fhorbairt i ndáil leis na rialacha náisiúnta dlí agus riaracháin lena rialaítear an tsaorálaíocht;
 - c) comhoibriú le líonraí agus seirbhísí seanbhunaithe amhail ERYICA a spreagadh chun an fhaisnéis sin a fhorbairt;
 - d) eagraithe scéimeanna náisiúnta trasteorann saorálaíochta atá ann cheana a spreagadh chun suíomhanna gréasáin náisiúnta agus Eorpacha ábhartha ⁽²²⁾ a thabhairt le fios, suíomhanna a chuireann saorálaithe ar an eolas faoina gcearta, faoina n-oibleagáidí agus faoi na rialacha is infheidhme maidir leis an tsaorálaíocht i mBallstát eile.
22. Feabhas a chur ar cháilíocht na ndeiseanna saorálaíochta trí thacú le heagraithe gníomhaíochtaí saorálaíochta ina gcuid iarrachtaí fothaithe acmhainneachta. Go háirithe, is féidir é sin a bhaint amach tríd an méid seo a leanas a dhéanamh:
 - a) eagraithe sna Ballstáit seolta agus glactha a spreagadh chun dul i gcomhar le chéile, lena n-áirítear trí fhaisnéis leordhóthanach faoin gníomhaíocht saorálaíochta, faoina n-eagraithe agus faoin saorálaí a sholáthar, chun é a chur ar a chumas don dá pháirtí cinneadh eolach a dhéanamh faoi inbhuanaitheacht na gníomhaíochta agus chun aon cheanglas dlí a chomhlíonadh;
 - b) eagraithe gníomhaíochtaí saorálaíochta a spreagadh chun cáilíocht, i measc nithe eile, a chur i dtábhacht trí eagrú gníomhaíochtaí saorálaíochta a bhunú ar anailís lena dtacaítear le riachtanais inaitheanta agus a théann chun tairbhe do phobail áitiúla.
 - c) eagraithe gníomhaíochtaí saorálaíochta a spreagadh chun béim leormhaith a chur ar ghné foghlama na gníomhaíochtaí saorálaíochta, lena n-áirítear foghlaim teangacha sa tsaorálaíocht thrasnáisiúnta;

⁽²⁰⁾ Treoir (AE) 2016/2102 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Deireadh Fómhair 2016 maidir le hinrochtaineacht na suíomhanna gréasáin agus na bhfeidhmchlár móibíleach de chuid comhlachtaí san earnáil phoiblí (IO L 327, 2.12.2016, lgh. 1).

⁽²¹⁾ Lena n-áirítear faisnéis maidir leis na nósanna imeachta chun iarratas a dhéanamh ar an gCárta Eorpach um Árachas Sláinte (CEÁS) agus faisnéis mhionsonraithe maidir leis an méid a chumhdaítear agus an méid nach gcumhdaítear le córais cúraim sláinte náisiúnta.

⁽²²⁾ An tairseach ilteangach "Your Europe" faoi Rialachán (AE) 2018/1724, IO L 295, 21.11.2018, lgh. 1; roinn "Vici don Óige" ar Thairseach Eorpach na hÓige; faisnéis ar thairseach Europa, e.g. ar an gCárta Eorpach um Árachas Sláinte (CEÁS); Iarratas ar chárta – Fostaíocht, Gnóthaí Sóisialta & Cuimsiú – an Coimisiún Eorpach (europa.eu)

- d) tacaíocht a thabhairt d'eagraithe gníomhaíochtaí saorálaíochta úsáid níos córasaí agus níos ginearálta a bhaint as creataí náisiúnta nó creataí de chuid an Aontais atá ann cheana (i.e. Youthpass agus Europass) chun tacú le torthaí foghlama na ngníomhaíochtaí saorálaíochta a shainaithint, a dhoiciméadú agus a bhailíochtú;
 - e) obair óige a aithint mar phríomhuirlis do dheiseanna saorálaíochta don óige agus mar cheann de na príomhuirlisí chun gníomhaíochtaí saorálaíochta a fhorbairt ar ardcháilíocht san Aontas agus rannchuidiú ar an mbealach sin le cur chun feidhme an Chláir Oibre Eorpaigh don Obair Óige ⁽²³⁾;
 - f) soghluaisteacht trasteorann na ndaoine sin atá gníomhach in obair leis an óige agus in eagraíochtaí don óige a chur chun cinn;
 - g) tacú leis an oiliúint a chuirtear ar oibrithe óige agus ar eagraithe gníomhaíochtaí saorálaíochta, agus aitheantas a thabhairt don príomhról atá acu maidir le saorálaithe óga a thionlacan agus treoir a thabhairt dóibh trí eispéreas ardchaighdeán saorálaíochta;
 - h) eagraithe gníomhaíochtaí saorálaíochta trasnáisiúnta a spreagadh chun iarratas a dhéanamh ar mharc cáilíochta an Chóir Dlíthpháirtíochta Eorpaigh;
 - i) caighdeán ghinearálta cháilíochta maidir leis an tsaorálaíocht a fhorbairt agus a chur chun cinn agus inspioráid á fáil ó chóras cuimsitheach na mbeart cáilíochta, tacaíochta, cuimsithe agus deimhniúcháin atá i Rialachán (AE) 2021/888 ⁽²⁴⁾, i gcás inarb indéanta sa chomhthéacs náisiúnta;
 - j) bearta a ghlacadh chun a áirithiú nach mbeidh ionadú poist mar thoradh ar ghníomhaíochtaí saorálaíochta.
23. A áirithiú gur deis réalaióch do gach duine óg é rochtain a fháil ar ghníomhaíochtaí saorálaíochta trasnáisiúnta, lena n-áirítear daoine óga ar lú na deiseanna atá acu, lena n-áirítear tríd an méid seo a leanas a dhéanamh:
- a) tacú le tairseacha náisiúnta agus struchtúir réigiúnacha agus áitiúla a chruthú agus/nó a oibriú amhail bonneagair na hoibre don óige agus ionaid faisnéise don óige más ann dóibh chun faisnéis agus treoraíocht a sholáthar maidir le deiseanna saorálaíochta atá ann cheana, i bhformáidí atá inrochtana do dhaoine faoi mhíchumas, do shaorálaithe óga féideartha, lena n-áirítear daoine óga ar lú na deiseanna atá acu, an tsochaí shibhialta/eagraíochtaí dlúthpháirtíochta, agus páirtithe leasmhara eile sa réimse. Féadfaidh líonraí *alumni* (amhail Eora-Phiaraí) agus oibrithe óige áitiúla a bheith sna struchtúir sin, agus is féidir a n-inniúlacht a úsáid chun iarrthóirí féideartha saorálaíochta a chumhachtú agus tacú leo, agus, i gcás inarb ábhartha, d'fhéadfaidís oibriú i gcomhar leis na Gníomhaireachtaí Náisiúnta a chuireann an Cór Dlíthpháirtíochta Eorpach chun feidhme;
 - b) rochtain ar eispéiris saorálaíochta trasnáisiúnta a éascú do dhaoine óga ar lú na deiseanna atá acu trí fhaisnéis spriocdhírthe inrochtana agus for-rochtain eagraíochtaí agus líonraí ábhartha ⁽²⁵⁾ amhail Eurodesk agus ERYICA a chur chun cinn, lena n-áirítear trí fheasacht a mhúscaill maidir leis an tábhacht atá le hinniúlachtaí idirchultúrtha agus le foghlaim teangacha mar chéim i dtreo na soghluaisteachta trasnáisiúnta;
 - c) a áirithiú go spreagfar eagraithe gníomhaíochtaí saorálaíochta chun cuimsiú sóisialta a chur chun cinn, lena n-áirítear trí chóiríocht réasúnta agus oiriúnach a chur ar fáil a bheidh inrochtana do dhaoine óga, go háirithe dóibh siúd atá faoi mhíchumas;
 - d) tacaíocht a thabhairt d'eagraithe gníomhaíochtaí saorálaíochta chun gnéithe de chuimsiú daoine óga ar lú na deiseanna atá acu a fhorbairt le haghaidh a dtionscadal ⁽²⁶⁾, i measc nithe eile trí na daoine óga a chur i dteagmháil le saineolaithe ó sheirbhísí atá i gceannas ar chur chun cinn an chuimsithe shóisialta, saineolaithe a d'fhéadfadh tacú leo agus oiliúint a chur orthu;

⁽²³⁾ Rún ón gComhairle agus ó Ionadaithe Rialtais na mBallstát, ag teacht le chéile dóibh i dtionól na Comhairle maidir leis an gCreat chun Clár Oibre Eorpach don Obair Óige a bhunú (2020/C 415/01).

⁽²⁴⁾ Rialachán (AE) 2021/888 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Bealtaine 2021 lena mbunaítear Clár an Chóir Dlíthpháirtíochta Eorpaigh agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) 2018/1475 agus (AE) Uimh. 375/2014 (IO L 202, 8.6.2021, lch. 32).

⁽²⁵⁾ féach Erasmus+ agus Straitéis um Chuimsiú agus Éagsúlacht an Chóir Dlíthpháirtíochta Eorpaigh chun treoir a fháil faoin gcaoi leis sin a dhéanamh: https://ec.europa.eu/programmes/erasmus-plus/resources/implementation-guidelines-erasmus-and-european-solidarity-corps-inclusion-and-diversity_en

⁽²⁶⁾ I gcomhréir le straitéisí an Aontais um chomhionannas agus creataí maidir leis an mbeartas cuimsithe a glacadh in 2020-2021 agus atá dírithe ar ghrúpaí sonracha a ndéantar idirdhealú orthu agus atá faoi mhíbhuntáiste: Plean gníomhaíochta an Aontais Eorpaigh maidir le frithchinióchas 2020-2025 (COM(2020) 565 final, 18 Meán Fómhair 2020), creat straitéiseach an Aontais maidir le comhionannas, cuimsiú agus rannpháirtíocht na Romach (COM(2020) 620 final, 7 Deireadh Fómhair 2020), an straitéis um chomhionannas LGBTIQ (COM(2020) 698 final, 12 Samhain 2020), an Plean Gníomhaíochta um Imeachadh agus Cuimsiú (COM(2020) 758 final, 24 Samhain 2020), an Straitéis maidir le Cearta Daoine faoi Mhíchumas (COM(2021) 101 final, 3 Márta 2021).

- e) tacaíocht spriocdhírthe a thabhairt d'fhorbairt gníomhaíochtaí saorálaíochta, agus cuimsiú, comhionannas agus cumhachtú grúpaí faoi mhíbhuntáiste nó grúpaí i mbaol idirdhealaithe á gcur chun cinn go sonrach, rud a spreagann saorálaithe óga ó na pobail sin chun páirt a ghlacadh sa tsaorálaíocht agus chun bheith ina n-éascaitheoirí nó ina n-eiseamláirí ina bpobal féin;
 - f) tacú le heagraíochtaí agus le líonraí ábhartha chun gníomhaíochtaí saorálaíochta áitiúla a chur chun cinn (lena n-áirítear ar bhonn gearrthéarmach, páirtaimseartha agus grúpa) mar chéad chéim fhéideartha i dtreo rannpháirtíocht i ngníomhaíochtaí trasnáisiúnta agus tacaíocht spriocdhírthe bhreise a thabhairt chun deiseanna saorálaíochta a fhorbairt a fhreastalaíonn ar dhaoine óga nach féidir páirt a ghlacadh sa tsoghluasteacht thrasnáisiúnta fhisiciúil ar chúiseanna éagsúla, mar shampla trí dheiseanna saorálaíochta digiteacha nó cumaisc – i measc nithe eile – a sholáthar;
 - g) uirlisí trasnáisiúnta atá ann cheana a d'fhéadfadh éascaíocht a dhéanamh le soghluaisteacht na hóige a chur chun cinn a thuilleadh, amhail cártaí soghluaisteachta agus daoine a spreagadh chun úsáid a bhaint astu i ngach gníomhaíocht saorálaíochta trasnáisiúnta ⁽²⁷⁾;
 - h) nuair is féidir agus gan dochar do acquis Schengen agus do dhlí an Aontais maidir le hiontráil agus cónaí náisiúnach tríú tír, teacht ar réiteach ar shaincheistanna riaracháin agus praiticiúla a chruthaíonn deacrachtaí i dtaca le víosaí agus/nó ceadanna cónaithe a fháil do náisiúnaigh tríú tír chun críche seirbhíse deonaí.
24. Feasacht a mhéadú maidir leis na tairbhí a bhaineann le gníomhaíochtaí saorálaíochta, trí ghníomhaíochtaí faisnéise, treorach agus for-rochtana, lena n-áirítear trí pháirt a thabhairt do gheallsealbhóirí náisiúnta in earnálacha an oideachais, na hoiliúna, na fostaíochta, na seirbhísí sóisialta agus na hóige. Aird ar leith a thabhairt chun teagmháil chothrom a dhéanamh le daoine óga ar lú na deiseanna atá acu. Áirítear leis sin an méid seo a leanas a chur chun cinn:
- a) tugann gníomhaíochtaí saorálaíochta bealach nithiúil do dhaoine óga rannchuidiú le dul i ngleic le dúshlán shochoíocha agus dlúthpháirtíocht a léiriú le daoine atá i staid leochaileach;
 - b) cuireann eispéireas saorálaíochta feabhas ar fhorbairt phearsanta, oideachais, shóisialta, shibhialta agus ghairmiúil daoine óga agus cuidíonn sé leo inniúlachtaí a fhorbairt a bhfuil gá leo i margadh an tsaothair agus a bhfuil meas ag margadh an tsaothair orthu;
 - c) tá creataí ann chun tacú le torthaí foghlama na ngníomhaíochtaí saorálaíochta a shainathint, a dhoiciméadú agus a bhailíochtú (lena n-áirítear Youthpass agus Europass).
25. Tacú le gníomhaíochtaí forbartha pobail a bhaineann leis an tsaorálaíocht agus iad a chur chun cinn. Áirítear leis sin:
- a) oibriú líonraí saorálaithe atá gníomhach faoi scéimeanna atá ann cheana a spreagadh ar an leibhéal náisiúnta, go háirithe iad siúd a ghlacann páirt i ngníomhaíochtaí a bhfuil fis fhadtéarmach acu, is é sin gníomhaíochtaí nach bhfuil nasctha le fad tionscadal aonair nó nach bhfuil teoranta ag fad na dtionscadal aonair sin;
 - b) líonraí Eorpacha atá ann cheana a bhaineann leis an tsaorálaíocht a spreagadh, go háirithe an Líonra Dlúthpháirtíochta Eorpach agus Eora-Phiaraí, chomh maith le hacmhainní agus ardáin eile atá inrochtana trí Thairseach an Chóir Dlúthpháirtíochta Eorpaigh ar Thairseach Eorpach na hÓige;
 - c) iar-shaorálaithe a spreagadh chun taithí a roinnt trí líonraí óige, forais oideachais agus ceardlanna mar ambasadóirí nó mar bhaill de líonra, agus iad a spreagadh freisin le hoiliúint a chur ar shaorálaithe atá ann faoi láthair nó a bheidh ann amach anseo;
 - d) eagraithe gníomhaíochtaí saorálaíochta a spreagadh chun tacú le saorálaithe agus iad ag imeascadh sa phobal óstach le linn a ngníomhaíochta agus iad ag leanúint ar aghaidh lena rannpháirtíocht i ngníomhaíochtaí saorálaíochta tar éis dóibh fillleadh abhaile, agus béim ar leith á cur ar dhaoine óga ar lú na deiseanna atá acu a thionlacan.
26. Iniúchadh a dhéanamh ar threochtaí nua agus ar ghnéithe agus formáidí malartacha na saorálaíochta, lena n-áirítear tríd an méid seo a leanas a dhéanamh:
- a) tástáil formáidí agus bailiú fianaise ar an tsaorálaíocht dhigiteach a chur chun cinn i gcomhthéacs trasnáisiúnta mar chomhlánú ar an tsoghluasteacht fhisiciúil nó go deimhin mar fhormáid neamhspleách ar ghníomhaíochtaí saorálaíochta;

⁽²⁷⁾ Ba dhea-chleachtas de chuid na hiar-Sheirbhíse Deonaí Eorpaí é sin cheana féin; cuireann an Cór Dlúthpháirtíochta Eorpach Cárta Óige Eorpach ar fáil do gach saorálaí in aisce.

- b) luach na saorálaíochta idirghlúine a aithint agus í a chur chun cinn mar rannchuidiú luachmhar leis na dúshláin atá le sárú ag sochaí atá ag dul in aois, agus í a chur chun cinn freisin mar bhealach chun páirt a thabhairt do dhaoine óga in idirphlé idirghlúine, aistriú eolais idirghlúine a éascú agus feabhas a chur ar an gcomhtháthú sóisialta.
27. Sineirgí, comhlántachtaí agus leanúnachas a chruthú idir scéimeanna agus gníomhaíochtaí saorálaíochta ar an leibhéal Eorpach agus (ar leibhéal éagsúla) sna Ballstáit. Áirítear leis sin, mar shampla:
- a) faisnéis a mhaltú idir na Ballstáit maidir le scéimeanna saorálaíochta atá ann cheana, lena n-áirítear scéimeanna agus gníomhaíochtaí státseirbhíse náisiúnta i gcás inarb ann dóibh, agus tarchur faisnéise den sórt sin chuig an gCoimisiún Eorpach, d'fhonn an foilsiú ar Thairseach Eorpach na hÓige, an Vicí don Óige, agus forbairt dea-chleachtas a éascú;
- b) bearta a mheas lena gcuirfí aistriú dea-chleachtas idir scéimeanna nó gníomhaíochtaí saorálaíochta chun cinn agus lena dtabharfaí tacaíocht don aistriú sin.
28. Tacú le gníomhaíochtaí saorálaíochta a lena gcuidítear go fóinteach le dul i ngleic le dúshláin a bhaineann leis an aeráid agus leis an gcomhshaol, tríd an méid seo a leanas a dhéanamh:
- a) comhtháthú na gcleachtas glas i ngach tionscnamh agus gníomhaíocht saorálaíochta a spreagadh, agus iompraíocht atá inbhuanaithe agus freagrach ó thaobh an chomhshaoil de a chur chun cinn i measc rannpháirtithe agus eagraíochtaí rannpháirteacha;
- b) laghdú ar lorg comhshaoil gníomhaíochtaí saorálaíochta a chur chun cinn, mar shampla trí dhramhaíl a laghdú, tríd an athchúrsáil agus, i gcás inar féidir, trí mhodhanna iompair inbhuanaithe a úsáid;
- c) forbairt na ngníomhaíochtaí saorálaíochta a chur chun cinn, gníomhaíochtaí lena dtugtar aghaidh ar chosaint an chomhshaoil, an inbhuanaitheacht, spriocanna aeráide, cosc tubaistí agus athshlánú ó thubaistí.
29. Faisnéis a áireamh i nuashonruithe tráthrialta a dhéantar faoi Straitéis Óige an Aontais maidir leis an dul chun cinn atá á dhéanamh agus an Moladh seo á leanúint, go háirithe mar chuid de Vicí don Óige.

AG IARRAIDH AR AN GCOIMISIÚN LEIS SEO:

30. Maltú cleachtas idir na Ballstáit a éascú maidir leis an mbealach chun aghaidh a thabhairt ar bhacainní a d'fhéadfadh cosc a chur ar an óige páirt a ghlacadh sa tsaorálaíocht, mar shampla trí ghníomhaíochtaí piarfhoghlama, trí shainghrúpaí an Choimisiúin nó trí Ardán Straitéis Óige an Aontais.
31. Tacú leis na Ballstáit an Moladh seo a leanúint trí shásraí agus trí uirlisí comhair Straitéis Óige an Aontais, Clár Oibre Eorpach don Obair Óige agus chlár óige an Aontais, go háirithe an Cór Dlúthpháirtíochta Eorpach.
32. An fhoghlaím fhrithpháirteach agus malartuithe idir na Ballstáit agus na páirtithe leasmhara ábhartha uile ar leibhéal éagsúla a éascú trí ghníomhaíochtaí amhail an phiarfhoghlaim, an phiarchomhairleoireacht, sainghrúpaí, líonrú agus struchtúir chomhair eile, lena n-áirítear béim ar shineirgí agus ar chomhlántachtaí idir an tAontas agus scéimeanna nó gníomhaíochtaí ar an leibhéal náisiúnta, lena n-áirítear scéimeanna státseirbhíse náisiúnta i gcás inarb ann dóibh. Chun na críche sin, úsáid a bhaint as spásanna atá ann cheana amhail an Vicí don Óige agus Tairseach Eorpach na hÓige ar ar féidir acmhainní agus eolas a roinnt i measc na mBallstát agus eagraíochtaí neamhrialtasacha ar leibhéal éagsúla.
33. Iniúchadh a dhéanamh ar threochtaí agus ar fhormáidí nua saorálaíochta, lena n-urramaítear na bunphrionsabail maidir le deiseanna comhionannas agus neamh-idirdhealú, inrochtaineacht, cuimsitheacht agus ardcháilíocht gníomhaíochtaí, trí fhianaise a bhailiú, trí dhea-chleachtais a fhorbairt agus trí threoraíocht agus lámhleabhair a ullmhú, go háirithe maidir leis an tsaorálaíocht dhigiteach nó chumaisc agus an tsaorálaíocht idirghlúine.
34. Deiseanna Eorpacha sa tsaorálaíocht óige a chur chun cinn agus daoine a chur ar an eolas fúthu, go háirithe deiseanna le haghaidh daoine ar lú na deiseanna atá acu, trí Thairseach Eorpach na hÓige, ar a bhfuil an uirlis chlárúcháin le haghaidh gníomhaíochtaí dlúthpháirtíochta faoin gCór Dlúthpháirtíochta Eorpach. I gcomhar leis na Ballstáit, naisc le suíomhanna gréasáin ábhartha a chur ar Thairseach Eorpach na hÓige ⁽²⁸⁾.

⁽²⁸⁾ In éineacht le faisnéis dá bhforáiltear faoi phointe 2 a) den Mholadh seo, chomh maith le faisnéis ar scéimeanna nó ar ghníomhaíochtaí náisiúnta saorálaíochta.

35. An úsáid a bhaintear as uirlisí Aontais atá ann cheana lena dtacaítear le bailíochtú thorthaí na foghlama seachfhoirmiúla agus neamhfhoirmiúla, go háirithe Youthpass agus ardán Europass, lena n-áirítear trí dhintiúir dhigiteacha Eorpacha le haghaidh na foghlama, an úsáid sin a fhorbairt a thuilleadh, a chur chun cinn agus tacaíocht a thabhairt di.
36. Tacú le taighde agus le bailiú sonraí maidir le tionchar fadtéarmach na ngníomhaíochtaí saorálaíochta agus dlúthpháirtíochta ar dhaoine aonair, ar eagraíochtaí, agus ar an tsochaí, lena n-áirítear ceachtanna a foghlaimíodh agus léargais ó phaindéim COVID-19 ar earnáil na saorálaíochta agus ullmhacht na hearnála maidir le géarchéimeanna comhchosúla, trí staidéir, suirbhéanna, staidreamh, taighde agus anailísíocht sonraí.
37. Leas a bhaint as Vici don Óige (an t-ardán ar líne) chun faisnéis a bhailiú maidir le dul chun cinn na mBallstát i dtaca leis an Moladh seo a leanúint.
38. Tuairisciú ar úsáid an Mholta seo ón gComhairle i gcomhthéacs na hoibre ar chur chun feidhme Straitéis Óige an Aontais agus i gcomhthéacs an chreata straitéisigh le haghaidh comhar Eorpach san oideachas agus san oiliúint i dtreo an Limistéir Eorpaigh Oideachais agus níos faide anonn.

Cuirtear an Moladh seo in ionad an Mholta ón gComhairle an 20 Samhain 2008 maidir le soghluaisteacht saorálaithe óga ar fud an Aontais Eorpaigh.

Arna dhéanamh i Lucsamburg, 5 Aibreánv 2022.

Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán
R. BACHELOT-NARQUIN

II

*(Faisnéis)*FAISNÉIS Ó INSTITIÚIDÍ, Ó CHOMHLACHTAÍ, Ó OIFIGÍ, AGUS Ó
GHNÍOMHAIREACHTAÍ AN AONTAIS EORPAIGH

AN COIMISIÚN EORPACH

Gan cur i gcoinne comhchruinniú ar tugadh fógra faoi**(Cás M.10531 – SANTANDER / MAPFRE / JV)****(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)**

(2022/C 157/02)

An 4 Aibreán 2022, chinn an Coimisiún gan cur i gcoinne an chomhchruinnithe thuas ar tugadh fógra faoi agus a dhearbhu go bhfuil sé comhoiriúnach leis an margadh inmheánach. Tá an cinneadh sin bunaithe ar Airteagal 6(1)(b) de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ⁽¹⁾. Is i mBéarla amháin atá an cinneadh ar fáil agus déanfar é a phoibliú ach a mbeidh aon rún gnó a d'fhéadfadh a bheith ann a bainte as. Beidh sé ar fáil:

- i roinn na gcumasc ar an suíomh gréasáin faoin “mBeartas iomaíochta” atá ag an gCoimisiún (<http://ec.europa.eu/competition/mergers/cases/>). Cuireann an suíomh gréasáin sin saoráidí éagsúla ar fáil chun cuidiú cinntí aonair cumaisc a aimsiú trí úsáid ainm na cuideachta, cásuimhreacha, dátaí agus earnálacha gníomhaíochta,
- i bhfoirm leictreonach ar shuíomh gréasáin EUR-Lex (<http://eur-lex.europa.eu/homepage.html?locale=en>) faoin uimhir dhoiciméid 32022M10531. Is é EUR-Lex an tairseach ar líne chuig dlí an Aontais Eorpaigh.

⁽¹⁾ IO L 24, 29.1.2004, lch. 1.

IV

(Fógraí)

FÓGRAÍ Ó INSTITUTEIDÍ, Ó CHOMHLACHTAÍ, Ó OIFIGÍ, AGUS Ó
GHNÍOMHAIREACHTAÍ AN AONTAIS EORPAIGH

AN CHOMHAIRLE

Fógra le haghaidh na ndaoine, na n-eintiteas agus na gcomhlachtaí atá faoi réir bearta sriantacha dá bhforáiltear i gCinneadh 2014/145/CBES ón gComhairle, arna leasú le Cinneadh (CBES) 2022/582 ón gComhairle, agus i Rialachán (AE) Uimh. 269/2014 ón gComhairle, arna chur chun feidhme le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/581 ón gComhairle a bhaineann le bearta sriantacha i ndáil le gníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin

(2022/C 157/03)

Dírítear aird na ndaoine, na n-eintiteas agus na gcomhlachtaí a luaitear san Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh 2014/145/CBES ón gComhairle ⁽¹⁾, arna leasú le Cinneadh (CBES) 2022/582 ón gComhairle ⁽²⁾, agus in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 269/2014 ón gComhairle ⁽³⁾, arna chur chun feidhme Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/581 ón gComhairle ⁽⁴⁾ maidir le bearta sriantacha i ndáil le gníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin, ar an bhfaisnéis seo a leanas.

Tá cinneadh déanta ag Comhairle an Aontais Eorpaigh gur cheart na daoine, na heintitis agus na comhlachtaí sin a chur le liosta na ndaoine, na n-eintiteas agus na gcomhlachtaí atá faoi réir bearta sriantacha dá bhforáiltear i gCinneadh 2014/145/CBES agus Rialachán (AE) Uimh. 269/2014 a bhaineann le bearta sriantacha i ndáil le gníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin. Tugtar na forais leis na daoine, na heintitis agus na comhlachtaí sin a ainmniú sna hiontrálacha ábhartha sna harscríbhinní sin.

Cuirtear in iúl do na daoine, na heintitis agus na comhlachtaí lena mbaineann gur féidir iarratas a dhéanamh chuig údaráis inniúla an Bhallstáit ábhartha nó na mBallstát ábhartha mar a léirítear sna suíomhanna gréasáin a liostaítear in Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 269/2014, chun údarú a fháil le cistí reoite a úsáid chun freastal ar riachtanais bhunúsacha nó chun íocaíochtaí sonracha a dhéanamh (cf. Airteagal 4 den Rialachán).

Féadfaidh na daoine, na heintitis agus na comhlachtaí lena mbaineann iarraidh ar athbhreithniú an chinnidh iad a áireamh ar an liosta thuasluaite, mar aon le doiciméadacht tacaíochta, a chur faoi bhráid na Comhairle roimh an 1 Meitheamh 2022, ag an seoladh seo a leanas:

Council of the European Union
General Secretariat
RELEX.1
Rue de la Loi/Wetstraat 175
1048 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË

Rphost: sanctions@consilium.europa.eu

⁽¹⁾ IO L 78, 17.3.2014, lch. 16.

⁽²⁾ IO L 110, 8.4.2022, lch. 55.

⁽³⁾ IO L 78, 17.3.2014, lch. 6.

⁽⁴⁾ IO L 110, 8.4.2022, lch. 3.

Cuirtear in iúl do na daoine, na heintitis agus na comhlachtaí lena mbaineann freisin gur féidir an cinneadh ón gComhairle a chonspóid os comhair Chúirt Ghinearálta an Aontais Eorpaigh, i gcomhréir leis na coinníollacha a leagtar síos sa dara mír d'Airteagal 275, agus sa cheathrú agus sa séú mír d'Airteagal 263, den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh.

Fógra le haghaidh na n-ábhar sonraí a mbeidh feidhm ina leith ag na bearta sriantacha dá bhforáiltear i gCinneadh 2014/145/CBES ón gComhairle agus Rialachán (AE) Uimh. 269/2014 ón gComhairle a bhaineann le bearta sriantacha i ndáil le gníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin

(2022/C 157/04)

Dírítear aird na n-ábhar sonraí ar an bhfaisnéis seo a leanas, i gcomhréir le hAirteagal 16 de Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽¹⁾.

Is é is bunús dlí don oibríocht phróiseála seo Cinneadh 2014/145/CBES ón gComhairle ⁽²⁾, arna leasú le Cinneadh (CBES) 2022/582 ón gComhairle ⁽³⁾, agus Rialachán (AE) Uimh. 269/2014 ón gComhairle ⁽⁴⁾, arna chur chun feidhme ag Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/581 ón gComhairle ⁽⁵⁾.

Is í Roinn RELEX.1 in Ard-Stiúrthóireacht an Chaidrimh Sheachtraigh – RELEX Ardrúnaíocht na Comhairle (an Ardrúnaíocht) rialaitheoir na hoibríochta próiseála seo, agus is féidir dul i dteagmháil leis an roinn sin ag an seoladh seo a leanas:

Council of the European Union
General Secretariat
RELEX.1
Rue de la Loi/Wetstraat 175
1048 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË

Rphost: sanctions@consilium.europa.eu

Is féidir dul i dteagmháil le hOifigeach Cosanta Sonraí na hArdrúnaíochta ag:

An tOifigeach Cosanta Sonraí

data.protection@consilium.europa.eu

Is é cuspóir na hoibríochta próiseála liosta na ndaoine atá faoi réir bearta sriantacha a bhunú agus a nuashonrú i gcomhréir le Cinneadh 2014/145/CBES, arna leasú le Cinneadh (CBES) 2022/582, agus le Rialachán (AE) Uimh. 269/2014, arna chur chun feidhme ag Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/581.

Is daoine nádúrtha a chomhlíonann na critéir maidir le liostú arna leagan síos i gCinneadh 2014/145/CBES agus i Rialachán (AE) Uimh. 269/2014 iad na hábhair sonraí.

Áirítear ar na sonraí pearsanta arna mbailiú na sonraí is gá chun an duine lena mbaineann a shainaithint i gceart, an ráiteas ar chúiseanna agus aon sonraí eile a bhaineann leis.

Is ceadmhach pé sonraí pearsanta a bhaileofar a roinnt, mar is gá, leis an tSeirbhís Eorpach Gníomhaíochta Seachtraí agus leis an gCoimisiún.

Gan dochar d'aon srianta dá bhforáiltear de bhun Airteagal 25 de Rialachán (AE) Uimh. 2018/1725, déanfar feidhmiú chearta na n-ábhar sonraí, amhail an ceart rochtana, chomh maith leis na cearta chun ceartúcháin nó chun agóid a dhéanamh, a rialú i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 2018/1725.

Coimeádfar sonraí pearsanta ar feadh 5 bliana ón uair a bhaintear an t-ábhar sonraí de liosta na ndaoine atá faoi réir na mbearta sriantach nó ón uair a théann bailíocht an bhirt in éag, nó ar feadh ré na n-imeachtaí cúirte i gcás tús a bheith curtha leo.

⁽¹⁾ IO L 295, 21.11.2018, lch. 39.

⁽²⁾ IO L 78, 17.3.2014, lch. 16.

⁽³⁾ IO L 110, 8.4.2022, lch. 55.

⁽⁴⁾ IO L 78, 17.3.2014, lch. 6.

⁽⁵⁾ IO L 110, 8.4.2022, lch. 3.

Gan dochar d'aon leigheas breithiúnach, riaracháin nó neamhbhreithiúnach, féadfaidh na hábhair sonraí gearán a thaisceadh leis an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí i gcomhréir le Rialachán (AE) 2018/1725 (edps@edps.europa.eu).

AN COIMISIÚN EORPACH

Rátaí malairte an euro ⁽¹⁾

8 Aibreán 2022

(2022/C 157/05)

1 euro =

Airgeadra			Ráta malairte		
Airgeadra			Ráta malairte		
USD	dollar na Stát Aontaithe	1,0861	CAD	dollar Cheanada	1,3675
JPY	yen na Seapáine	134,87	HKD	dollar Hong Cong	8,5134
DKK	krona na Danmhairge	7,4372	NZD	dollar na Nua-Shéalainne	1,5849
GBP	punt steirling	0,83355	SGD	dollar Shingearpór	1,4801
SEK	krona na Sualainne	10,2768	KRW	won na Cóiré Theas	1 333,12
CHF	franc na hEilvéise	1,0155	ZAR	rand na hAfraice Theas	15,9968
ISK	króna na hÍoslainne	139,60	CNY	renminbi-yuan na Síne	6,9115
NOK	krona na hIorua	9,5080	HRK	kuna na Cróite	7,5490
BGN	lev na Bulgáire	1,9558	IDR	rupiah na hIndinéise	15 601,96
CZK	koruna Phoblacht na Seice	24,479	MYR	ringgit na Malaeisia	4,5850
HUF	forint na hUngáire	375,66	PHP	peso na nOileán Filipíneach	55,990
PLN	zloty na Polainne	4,6437	RUB	rúbal na Rúise	
RON	leu na Rómáine	4,9425	THB	baht na Téalainne	36,488
TRY	lira na Tuirce	16,0237	BRL	real na Brasaíle	5,1583
AUD	dollar na hAstráile	1,4552	MXN	peso Mheicsiceo	21,8729
			INR	rúipí na hIndia	82,3890

⁽¹⁾ Foinse: ráta malairte tagartha arna fhoilsiú ag an mBanc Ceannais Eorpach (BCE).

AN MAOIRSEOIR EORPACH AR CHOSAINT SONRAÍ

Achoimre ar Thuairim an Mhaoirseora Eorpaigh ar Chosaint Sonraí maidir le Togra lena leasaítear an Treoir i ndáil leis an gcreat chun Córais Chliste Iompair a úsáid i réimse an iompair de bhóthar

(Tá téacs iomlán na Tuairime seo le fáil i mBéarla, i bhFraincis agus i nGearmáinis ar shuíomh gréasáin an MECS www.edps.europa.eu)

(2022/C 157/06)

An 14 Nollaig 2021, ghlac an Coimisiún Eorpach Togra chun Treoir 2010/40/AE a leasú maidir leis an gcreat chun Córais Chliste Iompair (“ITS”) a úsáid i réimse an iompair de bhóthar agus maidir le comhéadain le modhanna eile iompair. Tá imscaradh ITS sainaitheanta ag an gCoimisiún mar phríomhghníomhaíocht chun soghluaisteacht ilmhódach nasctha agus uathobrithe a bhaint amach.

Is é cuspóir an Togra raon feidhme reatha na Treorach ITS a leathnú chun dúshláin nua agus dúshláin atá ag teacht chun cinn a chumhdach agus chun go bhféadfar seirbhísí riachtanacha ITS a dhéanamh éigeantach ar fud an Aontais Eorpaigh. Ina theannta sin, tá an t-athbhreithniú mar chuid den tírdhreach reachtaíochta maidir le sonraí atá ag forbairt de réir a chéile, tar éis na Teachtaireachta maidir leis an straitéis Eorpach um shonraí.

Meabhraíonn an MECS go mbeidh próiseáil sonraí pearsanta dleathach má tá toiliú tugtha ag an duine is ábhar do na sonraí (an duine nádúrtha sainaitheanta nó inaitheanta lena mbaineann sonraí pearsanta) lena sonraí pearsanta a phróiseáil chun críche sainiúla amháin nó níos mó nó, i gcás cgo bhféadtar bunús dlí iomchuí faoi Airteagal 6 GDPR a chur i bhfeidhm go bailí.

Léirítear sa Togra go sainaitheanaí cineálacha sonraí agus seirbhísí, ar cheart a sholáthar a bheith éigeantach, ar bhonn na sonraíochtaí a leagtar amach i ngníomhartha tarmligthe a fhorlíontar leis an Treoir ITS agus go léireodh siad na cineálacha sonraí agus na seirbhísí a leagtar síos inti. Ag an am céanna, tugann an MECS dá aire go scríosadh an Togra roinnt forálacha a chuimsigh an Treoir ITS atá ann cheana, lena n-áirítear na forálacha a bhaineann le prionsabal na sonraíochta cuspóra agus an íoslaghdaíthe sonraí.

Agus á cur san áireamh an chosaint ar leith a thugtar do phríobháideacht agus do chosaint sonraí mar chearta bunúsacha arna gcosaint le hAirteagal 7 agus le hAirteagal 8 de Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh, measann an MECS gur ceart go sonrúfaí go díreach sa Togra na catagóirí sonraí pearsanta, chomh maith leis na críocha chun sonraí pearsanta a phróiseáil i gcomhthéacs seirbhísí ITS a úsáid seachas iad a shonrú i ngníomhartha tarmligthe a fhorlíontar leis an Treoir ITS. Ina theannta sin, measann an MECS go bhfuil sé tábhachtach go léireofar fós go hionchuí sa Treoir athbhreithnithe ITS, na ceanglais maidir le sonraíocht cuspóra, slándáil, íoslaghú sonraí, agus an gá atá lena áirithiú go n-urramaítear forálacha i ndáil le toiliú.

A mhéid a bhféadfadh an Togra le bunús dlí a sholáthar chun sonraí pearsanta a phróiseáil i gcomhthéacs imscaradh agus úsáid oibríochtúil CIT, ba cheart go mbunófaí leis freisin uastréimhse stórála do na catagóirí ábhartha sonraí lena mbaineann, agus an CIT i gceist á cur san áireamh.

Ós rud é go bhféadfadh líon mór páirtithe leasmhara a bheith i gceist le himscaradh CIT, molann an MECS go ndéanfaidh an Coimisiún DPIA sula gcumasófar úsáid na seirbhísí ITS ar dócha go mbeidh riosca ard do chearta agus do shaoirsí daoine nádúrtha mar thoradh orthu (m.sh. seirbhísí bainistithe soghluaisteachta ag údarais iompair phoiblí).

1. RÉAMHRÁ AGUS CÚLRA

1. An 14 Nollaig 2021, ghlac an Coimisiún Eorpach Togra chun Treoir 2010/40/AE a leasú maidir leis an gcreat chun Córais Chliste Iompair a úsáid i réimse an iompair de bhóthar agus maidir le comhéadain le modhanna eile iompair (“An Togra”) ⁽¹⁾.

⁽¹⁾ COM(2021) 813 críochnaitheach

2. Ceapadh Treoir 2010/40/AE (‘an Treoir ITS’) le bheith mar chreat chun imscaradh agus úsáid ITS a chuirtear i bhfeidhm ar iompar de bhóthar agus comhéadain le modhanna eile iompair a luathú agus a chomhordú.
3. Sa *Chumarsáid ar Straitéis um Shoghluaisteacht Inbhuanaithe agus Chliste* (“an Straitéis”) ⁽²⁾ de chuid an Choimisiúin aithnítear gur príomhghníomhaíocht í Córas Chliste Iompair (“ITS”) chun soghluaisteacht ilmhódach nasctha agus uathoibrithe a bhaint amach, agus dá bhrí sin rannchuidiú le bunathrú ar an gcóras iompair Eorpach chun an cuspóir maidir le soghluaisteacht éifeachtúil, sábháilte, inbhuanaithe, cliste agus athléimneach a bhaint amach.
4. Fógraíodh sa Straitéis go ndéanfaí an Treoir ITS a athbhreithniú go luath, lena n-áirítear cuid dá rialacháin tharmhligthe. Sa Straitéis, leagtar béim freisin ar rún an Choimisiúin tacú le sásra comhordaithe a chruthú in 2021 le haghaidh na bpointí rochtana náisiúnta (NAPanna) a cruthaíodh faoin Treoir ITS. Ina theannta sin, tá an t-athbhreithniú mar chuid den tírdhreach reachtaíochta maidir le sonraí atá ag forbairt de réir a chéile, tar éis na Teachtaireachta maidir leis an straitéis Eorpach um shonraí ⁽³⁾.
5. Féachann an Togra le dul i ngleic leis na fadhbanna seo a leanas ⁽⁴⁾:
 - i. an easpa idir-inoibritheachta agus easpa leanúnachais feidhmchlár, córas agus seirbhísí;
 - ii. an easpa comhbheartaithe agus comhair éifeachtaigh i measc páirtithe leasmhara; agus
 - iii. saincheistanna gan réiteach a bhaineann le hinfhaighteacht agus roinnt sonraí a thacaíonn le seirbhísí ITS.
6. Féachann an Togra le dul i ngleic leis na fadhbanna sin go háirithe trí raon feidhme reatha na Treorach ITS a leathnú chun dúshlán nua agus dúshlán atá ag teacht chun cinn a chumhdach, agus trí lígean do sheirbhísí riachtanacha ITS a bheith éigeanach ar fud an Aontais Eorpaigh. Tacófar le húsáid na seirbhísí ITS trí infhaighteacht na sonraí is gá chun faisnéis iontaofa a sholáthar agus chuideodh rialacha breise chun ailíniú le cleachtais agus caighdeáin reatha a fheabhsú ⁽⁵⁾.
7. An 06 Eanáir 2022 d'iarr an Coimisiún ar an MECS Tuairim maidir leis an Togra a eisiúint de bhun hAirteagal 42(1) de Rialachán (AE) 2018/1725 (“an EUDPR”) ⁽⁶⁾. Tá na tuairimí agus na moltaí sa Tuairim seo teoranta do na forálacha sa Togra is ábhartha ó thaobh cosaint sonraí de.

4. CONCLUÍDÍ

39. I bhfianaise na méide thuasluaite, déanann an MECS na príomh-mholtaí seo a leanas:

- a) A mhéid a fhéachann an Togra le bunús dlí a sholáthar chun sonraí pearsanta a phróiseáil i gcomhthéacs imscaradh agus úsáid oibríochtúil ITS, ba cheart dó, dá bhrí sin:
 - a shonrú go soiléir **cuspóir/cuspóirí na próiseála**; agus
 - forbhreathnú soiléir agus cuimsitheach a chur ar fáil ar na **catagóirí sonraí pearsanta** atá i gceist ;

⁽²⁾ Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún, “*Straitéis um an tSoghluaisteacht Inbhuanaithe agus Chliste – iompar Eorpach a sheoladh ar bhealach a leasa don todhchaí*” arna glacadh i mí na Nollag 2020, (COM/2020/789 críochnaitheach).

⁽³⁾ <https://digital-strategy.ec.europa.eu/en/policies/sshoudlstrategy-data>

⁽⁴⁾ Meabhrán Míniúcháin, lch 3.

⁽⁵⁾ Meabhrán Míniúcháin, lch 3.

⁽⁶⁾ Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2018 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil ag institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais agus maidir le saorghluaisceacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 agus Cinneadh Uimh. 1247/2002/CE (IO L 295, 21.11.2018, lch 39).

- a shannadh go soiléir ar **róil na ngníomhaithe éagsúla atá i gceist** mar rialaitheoir, comhrialaitheoir nó próiseálaí;
 - **uastréimhse stórála** a bhunú le haghaidh na gcatagóirí ábhartha sonraí lena mbaineann, agus á gcur san áireamh críocha den ITS atá i gceist a phróiseáil.
- b) Ós rud é go bhféadfadh líon mór páirtithe leasmhara a bheith i gceist le húsáid ITS, molann an MECS don Choimisiún measúnú tionchair ar chosaint sonraí a dhéanamh sula gcumasófar úsáid seirbhísí ITS ar dócha go mbeidh riosca ard do chearta agus do shaoirsí na ndaoine nádúrtha mar thoradh orthu.

An Bhruiséil, 2 Márta 2022

Wojciech Rafał WIEWIÓROWSKI

V

(Fógairtí)

NÓSANNA IMEACHTA A BHAINNEANN LEIS AN mBEARTAS IOMAÍOCHTA A
CHUR CHUN FEIDHME

AN COIMISIÚN EORPACH

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.10647 – HOYA / BOE Vision / JV)

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(2022/C 157/07)

1. An 4 Aibreán 2022, fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ⁽¹⁾.

Baineann an fógra seo leis na gnóthais seo a leanas:

- HOYA Corporation (“HOYA”, Japan),
- Beijing BOE Vision Electronic Technology Co., Ltd. (“BOE Vision”, Daon-Phoblacht na Síne, faoi rialú BOE Technology Group Co., Ltd. (Daon-Phoblacht na Síne),
- HOYA BOE Microelectronics China Ltd., cuideachta nuachruthaithe ar comhfhiontar í (“JV”, People’s Republic of China), faoi rialú comhpháirteach ag HOYA agus BOE Vision.

Gheobhaidh HOYA agus BOE Vision rialú comhpháirteach ar an JV de réir bhrí Airteagail 3(1)(b) agus 3(4) den Rialachán um Chumaisc.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna i gcuideachta nuachruthaithe ar comhfhiontar í.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann agus an chomhfhiontair nuabhunaithe:

- HOYA: taighde agus forbairt, táirgí leictreonacha a mhonarú agus a dhíol, lena n-áirítear ábhair fótamhascanna, fótamhascanna agus foshraitheanna gloine le haghaidh tiomantán díosca chrua,
- BOE Vision: monarú agus forbairt teicneolaíochta a bhaineann le taispeáint leachtchriostail, aistriú teicneolaíochta, comhairliúchán teicniúil agus seirbhísí teicniúla do theilifís ar taispeáint leachtchriostail, don theilifís agus do tháirgí agus do chórais deiridh eile,
- JV: táirgeadh agus díol fótamhascanna lena n-úsáid i dtáirgeadh taispeántí painéil comhréidh.

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart faoinar tugadh fógra a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le nós imeachta simplithe maidir le caitheamh le comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ⁽²⁾, ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cas seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

⁽¹⁾ IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an “Rialachán um Chumaisc”).

⁽²⁾ IO C 366, 14.12.2013, lch. 5.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúil a d'fhéadfadh a bheith acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.10647 – HOYA / BOE Vision / JV

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost, le facs nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála seo thíos:

Ríomhphost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Facs +32 22964301

Seoladh poist:

An Coimisiún Eorpach
Ard-Stiúrthóireacht na hIomaíochta
Clárlann na gCumasc
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú
(Cás M.10650 – EGERIA / ISOPLUS GROUP / BRUGG / ISOPLUS JV)

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(2022/C 157/08)

1. An 1 Aibreán 2022 fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ⁽¹⁾ agus tar éis tarchur de bhun Airteagal 4(5) den Rialachán sin.

Baineann an fógra seo leis na gnóthais seo a leanas:

- Egeria Group AG (“Egeria”, An Eilvéis);
- Isoplus Fernwärmetechnik GmbH (An Ghearmáin), Isoplus Fernwärmetechnik Vertriebsgesellschaft mbH (An Ghearmáin), ISOPLUS Managementgesellschaft mbH (An Ghearmáin), Isoplus Fernwärmetechnik Gesellschaft m.b.H. (An Ostair), Isoplus Távhövezetőgyártó Korlátolt Felelősségű Társaság (An Ungáir), dá ngairtear le chéile “Isoplus Group”;
- BRUGG Rohrsysteme GmbH (“BRUGG”, An Ghearmáin);
- ISOBRUGG Stahlmantelrohr GmbH (“Isoplus JV”, an Ghearmáin), comhfhiontar faoi rialú ag Holding für Fernwärmetechnik Beteiligungsgesellschaft mbH (“HFB”, an Ghearmáin); agus BRUGG.

Gheobhaidh Egeria rialú aonair ar Isoplus Group ina iomláine, agus rialú comhpháirteach ar Isoplus JV ina iomláine, in éineacht le BRUGG, de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) den Rialachán um Chumaisc.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

- maidir le Egeria: cuideachta infheistíochta atá gníomhach i gcothromas príobháideach, réadmhaoin tráchtála agus réadmhaoin chónaithe, agus rannpháirtíochtaí i gcuideachtaí liostaithe, agus béim á leagan ar an Ísiltír agus ar réigiún DACH;
- maidir le Isoplus Group agus Isoplus JV: monarú agus dáileadh córas píobaireachta réamh-inslithe, go príomha do théamh ceantair agus d'fhuarú ceantair agus go pointe teoranta d'fheidhmeanna tionsclaíocha do mheán an tsreafa (amhail bia agus ceimic), píblíne ola, bithfhuinneamh, talmhaíocht agus faireachán ar líonraí, agus béim á leagan ar Lár na hEorpa;
- maidir le BRUGG: gníomhach in earnálacha an téimh áitiúil, an téimh ceantair, an fhuaraithe, an uisce fhuair, na tionsclaíochta, na stáisiún líonta agus na saoráidí umar, ó chomhairle maidir le leagan go dtí bainistiú agus suiteáil tionscadail, agus fócas aige ar Lár na hEorpa.

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart faoinar tugadh fógra a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le nós imeachta simplithe maidir le caitheamh le comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ⁽²⁾, ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúil a d'fhéadfadh a bheith acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.10650 – EGERIA / ISOPLUS GROUP / BRUGG / ISOPLUS JV

⁽¹⁾ IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an “Rialachán um Chumaisc”).

⁽²⁾ IO C 366, 14.12.2013, lch. 5.

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost, le facs nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála seo thíos:

Ríomhphost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Facs +32 22964301

Seoladh poist:

An Coimisiún Eorpach
Ard-Stiúrthóireacht na hIomaíochta
Clárlann na gCumasc
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË

Fógra d'oibreoirí eacnamaíocha**Babhta nua d'iarrataí ar na dleachtanna Comhtharaife Custaim uathrialaitheacha ar tháirgí áirithe
tionsclaíocha agus talmhaíochta a chur ar fionraí**

(2022/C 157/09)

Cuirtear in iúl d'oibreoirí eacnamaíocha go bhfuil iarrataí faighte ag an gCoimisiún i gcomhréir leis na socruithe riaracháin dá bhforáiltear sa Teachtaireacht ón gCoimisiún maidir le fionraíochtaí agus taraif-chuótaí uathrialaitheacha (2011/C 363/02) ⁽¹⁾ le haghaidh babhta Eanáir 2023.

Tá liosta na dtáirgí a n-iarrtar fionraí dleachta ina leith ar fáil anois ar shuíomh gréasáin téamach (Europa) an Choimisiúin maidir leis an aontas custaim ⁽²⁾.

Cuirtear in iúl d'oibreoirí eacnamaíocha freisin gurb é an 21 Meitheamh 2022 an spriocdháta le haghaidh agóidí i gcoinne iarrataí nua a chur chuig an gCoimisiúin, trí na riaracháin náisiúnta, agus is é sin dáta an dara cruinniú atá beartaithe de chuid Ghrúpa na gCeisteanna Taraife Eacnamaíocha.

Moltar d'oibreoirí leasmhara féachaint ar an liosta go rialta chun a bheith ar an eolas faoi stádas na n-iarrataí.

Is féidir tuilleadh faisnéise faoin nós imeachta maidir leis an taraif-fhionraíocht uathrialaitheach a fháil ar shuíomh gréasáin Europa:

Suspensions (Autonomous Tariff Suspensions) (europa.eu)

⁽¹⁾ IO C 363, 13.12.2011, lch. 6.

⁽²⁾ http://ec.europa.eu/taxation_customs/dds2/susp/susp_home.jsp?Lang=en

GNÍOMHARTHA EILE

AN COIMISIÚN EORPACH

Teachtareacht a fhoilsiú maidir le leasú caighdeánach a fhorghnó ar an tsonraíocht táirge le haghaidh ainm in earnáil an fhíona dá dtagraítear in Airteagal 17(2) agus (3) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/33 ón gCoimisiún

(2022/C 157/10)

Foilsítear an teachtaireacht seo i gcomhréir le hAirteagal 17(5) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/33 ón gCoimisiún ⁽¹⁾.

FÓGRA MAIDIR LE LEASÚ CAIGHDEÁNACH AR AN DOICIMÉAD AONAIR

“Mór / Móri”

PDO-HU-A1333-AM04

Dáta na teachtaireachta: 11.1.2022

TUAIRISC AR AN LEASÚ A FHORMHEAS AGUS AR NA CÚISEANNA INA LEITH

1. Athrú i saintréithe orgánaileipteacha fhíon STFC Móri Premium

(a) Teidil na sonraíochtaí táirge dá ndéantar difear:

— II. Tuairisc ar na fíonta

(b) Roinn doiciméid aonair dá ndéantar difear:

— Caibidil 4 “Tuairisc ar an bhfíon nó ar na fíonta”, pointe 4 “Fíon – Premium”

(c) bonn cirt:

Ní mór na saintréithe orgánaileipteacha a shoiléiriú tar éis cineál nua a chur leis an gcatagóir táirge seo agus i bhfianaise na taithí go nuige seo.

2. An cineál Generosa a chur le catagóir fíona STFC Móri Premium

(a) Teidil na sonraíochtaí táirge dá ndéantar difear:

— VI. Cineálacha fíniúna ceadaithe

(b) Ní dhéanann an leasú seo difear don doiciméad aonair.

⁽¹⁾ IO L 9, 11.1.2019, lch. 2.

(c) bonn cirt:

Tá traidisiún fada ag réigiún fíona Mór maidir le fíonta geala, aibí, láidre, tathagacha a tháirgeadh. Is é an rún atá taobh thiar den leasú gur féidir an stíl seo fíona a tháirgeadh ó chineál Generosa. Ós rud é gur cineál baile é seo a shíolraigh ó chineálacha Ezerjó agus Tramini agus ós rud go bhfuil taithí na mblianta fada ag saothróirí fíona ar an gcineál a shaothrú, is fiú ardú céime chuig catagóir níos airde a thabhairt dó. I mblianta fíona roimhe seo, fiú gan srianta ar tháirgeadh, is iondúil go mbíonn cion siúcra de 20 i ngrád úrfhíona na hUngáire bainte amach ag an gcineál Generosa (*Magyar mustfok*: MM°), nó an oiread agus 23–24 MM° le dáta fómhair níos déanaí agus srianta táirgthe, agus a aigéadacht á caomhnú ag an am céanna. Laistigh de na paraiméadair anailíseacha seo, caomhnaítear blasanna agus dea-bholaithe an chineáil go maith, mar aon lena bhlasanna torthaí cloiche aibí agus blasanna meala agus spíosracha, fiú le dáta buainte níos déanaí, rud a fhágann gur amhábhar den scoth é an cineál seo don chatagóir STFC Móri Premium.

3. Athrú ar an modh chun fíon Móri Premium a bhuain

(a) Teidil na sonraíochtaí táirge dá ndéantar difear:

— III. Cleachtais fhíoneolaíocha shonracha

(b) Roinn doiciméid aonair dá ndéantar difear:

— Caibidil 5 “Cleachtais fíonóireachta”, pointe 3 “Rialacha maidir le táirgeadh fíniúna”, fomhír 4 “Modh buainte”

(c) bonn cirt:

Mar gheall ar an méadú ar ghanntanas saothair san earnáil saothrú fíniúnacha agus an dul chun cinn teicniúil atá déanta i meicniú na buainte le blianta beaga anuas táthar i bhfabhar ligean d’amhábhar fhíonta Móri Premium a bhuain go meicniúil, cé is moite de na heisceachtaí a léirítear thuas. Is iad fíonta tirime, tathagacha, aibí arna mbuain ó fhíniúnacha dea-aibithe faoi réir shrianta táirgthe is bonn le catagóir STFC Móri Premium. Cuireann teicnící buainte meicniúla nua-aimseartha ar chumas an amhábhair an gléasra próiseála a bhaint amach go tapa, rud a choscann aon bhrú craicinn nó aon phróisis ocsaídithe gan iarraidh. Ina lán cásanna, bíonn an maistreán a théann isteach sa phróiseálaí trí oiriúnóirí na meaisíní a bhaineann an gas díobh agus a shórtálann iad ar chaighdeán níos fearr fós ná an maistreán arna bhuaint ag an saothar daonna atá ar fáil. Go hachomair, cé is moite de na heisceachtaí a chuirtear ar fáil, tá an teicneolaíocht atá ar fáil faoi láthair in ann na ceanglais cháilíochta do chatagóir STFC Móri Premium a áirithiú.

DOICIMÉAD AONAIR

1. Ainm(neacha)

Mór

Móri

2. Cineál tásca gheografaigh:

STFC – Sonrúchán Tionscnaimh faoi Chosaint

3. Catagóirí na dtáirgí fíniúna

1. Fíon

4. Tuairisc ar an bhfíon nó ar na fíonta

1. Fíon – geal

TUAIRISC THÉACSÚIL ACHOMAIR

Bíonn dath glasbhán, buí ar nós na tuí, nó buí órga ar na fíonta geala, agus bíonn imireacha bána, éadroma orthu. Is iad aigéadacht úr, bhríomhar, imireacha bláthanna nó torthaíocha, éadroma agus úire na saintréithe a bhaineann leo. Is iad na saintréithe a bhaineann le haosú i mbairillí is mó a bhíonn in easnamh orthu. Is iondúil go mbíonn dea-bholaithe ar na fíonta meántathagacha a bhfuil saintréithe suntasacha orthu. De ghnáth aithnítear saintréithe an chineáil atá léirithe go héasca.

* Tá feidhm ag na teorainneacha a leagtar síos i reachtaíocht an Aontais maidir leis an neart alcóil iomlán uasta agus maidir leis an dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta.

Saintréithe anailíseacha ginearálta	
Neart alcóil iomlán uasta (in % de réir toirte)	
Neart alcóil iarbhrí íosta (in % de réir toirte)	9
Aigéadacht iomlán íosta	4.6 g/l arna shloinneadh mar aigéad tartarach
Aigéadacht luaineach uasta (i milleachóibhéisí in aghaidh an lítir)	18
Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (i milleagram in aghaidh an lítir)	

2. Fíon – rosé

TUAIRISC THÉACSÚIL ACHOMAIR

Bíonn dath bándearg, corcairghorm, dath an bhradáin (craiceann oinniúin) nó dath dearg éadrom ar na fíonta rosé, bíonn siad éadrom, torthaíoch agus tá siad ceaptha lena dtomhailt laistigh den bhliain.

* Tá feidhm ag na teorainneacha a leagtar síos i reachtaíocht an Aontais maidir leis an neart alcóil iomlán uasta agus maidir leis an dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta.

Saintréithe anailíseacha ginearálta	
Neart alcóil iomlán uasta (in % de réir toirte)	
Neart alcóil iarbhrí íosta (in % de réir toirte)	9
Aigéadacht iomlán íosta	4.6 g/l arna shloinneadh mar aigéad tartarach
Aigéadacht luaineach uasta (i milleachóibhéisí in aghaidh an lítir)	18
Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (i milleagram in aghaidh an lítir)	

3. Fíon dearg

TUAIRISC THÉACSÚIL ACHOMAIR

Déantar na fíonta dearga a tháirgeadh mar fhíon príomha le próiseas maothaithe gearr (5-7 lá), ceaptha lena dtomhailt laistigh den bhliain. Bíonn siad éadrom, simplí agus meabhraíonn siad cumhracht as caora dearga agus caora dearga ó thaobh blais de. Bíonn dath dearg éadrom an rúibín orthu.

* Tá feidhm ag na teorainneacha a leagtar síos i reachtaíocht an Aontais maidir leis an neart alcóil iomlán uasta agus maidir leis an dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta.

Saintréithe anailíseacha ginearálta	
Neart alcóil iomlán uasta (in % de réir toirte)	
Neart alcóil iarbhrí íosta (in % de réir toirte)	9
Aigéadacht iomlán íosta	4.6 g/l arna shloinneadh mar aigéad tartarach

Aigéadacht luaineach uasta (i milleachóibhéisí in aghaidh an lítir)	20
Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (i milleagraim in aghaidh an lítir)	

4. Fíon – Premium

TUAIRISC THÉACSÚIL ACHOMAIR

Is idir dath buí na tuí agus dath an óir nó an tsean-óir a bhíonn air. Mar gheall ar an aigéadacht shuntasach is iondúil a bhíonn ann agus an neart alcóil ard a bhíonn ann, baineann aosú níos faide leis. Mar gheall ar an aosú atá níos faide, tagann blasanna tánaisteacha aosaithe chun tosaigh ann agus uaireanta bíonn cáilíocht mianraí aige.

* Tá feidhm ag na teorainneacha a leagtar síos i reachtaíocht an Aontais maidir leis an neart alcóil iomlán uasta agus maidir leis an dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta.

* I gcás fíonta buainte déanaí agus fíonta buainte roghnaithí agus fíonta arna ndéanamh as fíonchaora rísínithe a bhfuil an téarma “premium” orthu, is é 12.83 % an neart alcóil iomlán íosta de réir toirte, agus is é 2 g/l an aigéadacht luaineach uasta.

Saintréithe anailíseacha ginearálta	
Neart alcóil iomlán uasta (in % de réir toirte)	
Neart alcóil iarbhrí íosta (in % de réir toirte)	9
Aigéadacht íosta iomlán	4.6 g/l arna shloinneadh mar aigéad tartarach
Aigéadacht luaineach uasta (i milleachóibhéisí in aghaidh an lítir)	18
Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (i milleagraim in aghaidh an lítir)	

5. Cleachtais fíonóireachta

5.1. Cleachtais fhíoneolaíocha shonracha

1. Fíon – cleachtais fhíoneolaíocha

Cleachtas fíoneolaíoch sonrach

Úsáid a bhaint as cantaoir eadrannach fíona.

2. Ní cheadaítear cleachtais fhíoneolaíocha

Srian ábhartha ar dhéanamh na bhfíonta

Ní cheadaítear miltíú ná saibhriú úrfhíonta ar na fíonta den chineál premium.

3. Rialacha maidir le táirgeadh fíniúna

Cleachtas saothraithe

1. Rialacha maidir le treorú na fíniúna:

a. Maidir le fíonghoirt a cuireadh roimh an 1 Lúnasa 2010, is féidir táirgí fíonlainne a bhfuil an sonrúchán tionscnaimh faoi chosaint acu a tháirgeadh ó fhíniúna arna mbuaint ó fhíonghoirt le haon mhodh saothraithe a údaraíodh roimhe sin, fad is a leantar den táirgeadh san fhíonghort.

b. I gcás fíonghort a cuireadh tar éis an 1 Lúnasa 2010:

i. Treorú an chinn

ii. Treorú cuach

iii. Treorú cuirtín

iv. Treorú buanghéag íseal

v. Treorú buanghéag meánard

vi. Treorú buanghéag ard

2. Rialacha maidir le dlús fíniúnacha san fhíonghort:

a. Maidir le fíonghoirt a cuireadh roimh an 1 Lúnasa 2010, is féidir táirgí fíonlainne a bhfuil an sonrúchán tionscnaimh faoi chosaint acu a tháirgeadh ó fhíniúna arna mbuaint ó fhíonghoirt le haon dlús plandála a údaraíodh roimhe sin, fad is a leantar den táirgeadh san fhíonghort.

b. I gcás fíonghort a cuireadh tar éis an 1 Lúnasa 2010: 3 300 fíniún ar a laghad in aghaidh an heicteáir

c. I gcás fíonghort a cuireadh tar éis an 1 Lúnasa 2016: 3 500 fíniún ar a laghad in aghaidh an heicteáir

3. Rialacha maidir le hualach bachlóg san fhíonghort:

Ní cheadaítear fíon Móri a tháirgeadh ach amháin le haghaidh uasualach bachlóg de 10 mbachlóg bheo in aghaidh an mhéadair chearnaigh.

4. Modh buainte:

Ceadaítear buaint láimhe agus mheicniúil do gach fíon STFC. Ceadaítear buaint mheicniúil le haghaidh fíonta STFC Móri Premium, ach amháin i gcás fíon buainte roghnaithe nó fíon buainte déanaí, fíon arna dhéanamh as fíonchaora rísínithe, príomhfhíon agus oighearfhíon, nach féidir a bhuaint ach amháin de láimh.

4. Cion siúcra nadúrtha íosta agus neart alcóil féideartha na bhfíniúnacha

Srian ábhartha ar dhéanamh na bhfíonta

Maidir le fíonta geala, fíonta rosé agus fíonta dearga: 9.0 % de réir toirte – 14.9 i ngrád úrfhíona na hUngáire (Magyar mustfok – [MM^o])

Maidir le fíonta geala buainte déanaí agus fíonta geala buainte roghnaithe, fíonta geala arna ndéanamh as fíonchaora rísínithe agus fíonta den chineál premium, is é 216 g in aghaidh an lítir, cion siúcra nadúrtha íosta na bhfíonchaora, is é 12.83 % de réir toirte an neart alcóil féideartha agus 20 i ngrád úrfhíona na hUngáire ([MM^o]).

5. Rialacha maidir le dáta na buainte agus léiriú na gcineálacha

Cleachtas saothraithe

Socrú dháta na buainte:

Socraíonn an chomhairle chomhphobail fíona an dáta ar a gcuirtear tús leis an mbuaint faoin 20 Lúnasa gach bliain. Ní féidir deimhniú tionscnaimh a bhronnadh ar aon táirge fíona a dhéantar as fíniúnacha arna mbuaint roimh dháta tosaigh na buainte arna shocrú ag an gcomhairle chomhphobail fíona le haghaidh fíona “Mór /Móri” agus ní féidir é a mhargú leis an lipéad STFC. Foilsítear dáta na buainte i bhfoirm fógra ó na comhphobail fíona. I gcás imthosca eisceachtúla (e.g. aimsir nó ionfhabhtú) is féidir maolú ar an méid thuas a cheadú.

Rialacha maidir le cineálacha a shonrú:

Ceadaítear an cineál agus a chomhchiallaigh a léiriú, mar a shainítear é sa reachtaíocht náisiúnta ábhartha maidir le rangú cineálacha fíniúna atá oiriúnach le haghaidh fíonóireachta. ar tháirgí fíona Móri de chatagóir ar bith, faoi réir na srianta agus na mbreiseanna seo a leanas:

a. I gcás ina léirítear cineál aonair, ní mór 85 % den táirge a bheith déanta as an gcineál sin.

b. I gcás ina léirítear roinnt cineálacha, ní mór 100 % den táirge a bheith déanta as na cineálacha sonraithe.

c. Ní cheadaítear cineál a léiriú le haghaidh fíonta Móri a ndéantar idirdhealú ina leith leis an slonn srianta “Muskotály” [Muscat].

5.2. Táirgeachtaí uasta

1. Fíon – fíon geal, fíon rosé, fíon dearg

100 heictilítear in aghaidh an heicteáir

2. Fíon – fíon geal, fíon rosé, fíon dearg
13 600 kg fíniúin in aghaidh an heicteáir
3. Fíon – Premium
60 heictilítear in aghaidh an heicteáir
4. Fíon – Premium
8 500 kg fíniúin in aghaidh an heicteáir
5. Fíon – Premium – Fíonta buainte déanaí agus fíonta buainte roghnaithe
45 heictilítear in aghaidh an heicteáir
6. Fíon – Premium – Fíonta buainte déanaí agus fíonta buainte roghnaithe
8 000 kg fíniúin in aghaidh an heicteáir
7. Fíon – Premium – Fíonta arna ndéanamh as fíonchaora rísínithe agus as oighearfhíonta
20 heictilítear in aghaidh an heicteáir
8. Fíon – Premium – Fíonta arna ndéanamh as fíonchaora rísínithe agus as oighearfhíonta
5 000 kg fíniúin in aghaidh an heicteáir

6. **Limistéar geografach críochaithe**

Is féidir fíniúna a thagann ó fhíonghoirt a bhaineann le bardais Csákberény, Csókakő, Mór, Pusztavám, Söréd agus Zámoly i gContae Fejér a rangáítear mar Aicme I agus II de réir chadastar an fhíonghoirt (réigiún fíona Mór) a úsáid chun táirgí fíona a bhfuil STFC “Mór/Móri” orthu a tháirgeadh.

7. **Príomhchineál (príomhchineálacha) fíniúna**

cabernet franc – cabernet
 cabernet franc – cabonet
 cabernet franc – carmenet
 cabernet franc – gros cabernet
 cabernet franc – gros vidur
 cabernet franc – kaberne fran
 cabernet sauvignon
 chardonnay – chardonnay blanc
 chardonnay – kereklevelű
 chardonnay – morillon blanc
 chardonnay – ronci bilé
 cserszegi fűszeres
 ezerjó – kolmreifler
 ezerjó – korponai
 ezerjó – szadocsina
 ezerjó – tausendachtgute
 ezerjó – tausendgute
 ezerjó – trummertraube
 generosa
 irsai olivér – irsai
 irsai olivér – muskat olivér
 irsai olivér – zolotis
 irsai olivér – zolotisztűj rannűj
 királyleányka – dánosi leányka

királyleányka – erdei sárga
királyleányka – feteasca regale
királyleányka – galbena de ardeal
királyleányka – königliche mädchentraube
királyleányka – königstochter
királyleányka – little princess
kékfrankos – blauer lemlberger
kékfrankos – blauer limberger
kékfrankos – blaufränkisch
kékfrankos – limberger
kékfrankos – moravka
leányka – dievcenske hrozno
leányka – feteasca alba
leányka – leányszőlő
leányka – mädchentraube
merlot
olasz rizling – grasevina
olasz rizling – nemes rizling
olasz rizling – olaszrizling
olasz rizling – riesling italien
olasz rizling – risling vlassky
olasz rizling – taljanska grasevina
olasz rizling – welschrieslig
ottonel muskotály – mizket ottonel
ottonel muskotály – muscat ottonel
ottonel muskotály – muskat ottonel
pinot blanc – fehér burgundi
pinot blanc – pinot beluj
pinot blanc – pinot bianco
pinot blanc – weissburgunder
pinot noir – blauer burgunder
pinot noir – kisburgundi kék
pinot noir – kék burgundi
pinot noir – kék rulandi
pinot noir – pignula
pinot noir – pino csernűj
pinot noir – pinot cernii
pinot noir – pinot nero
pinot noir – pinot tinta
pinot noir – rulandski modre
pinot noir – savagnin noir
pinot noir – spätburgunder

rajnai rizling – johannisberger
rajnai rizling – rheinriesling
rajnai rizling – rhine riesling
rajnai rizling – riesling
rajnai rizling – riesling blanc
rajnai rizling – weisser riesling
rizlingszilváni – müller thurgau
rizlingszilváni – müller thurgau bijeli
rizlingszilváni – müller thurgau blanc
rizlingszilváni – rivaner
rizlingszilváni – rizvanac
sauvignon – sauvignon bianco
sauvignon – sauvignon bijeli
sauvignon – sauvignon blanc
sauvignon – sovinjon
syrah – blauer syrah
syrah – marsanne noir
syrah – serine noir
syrah – shiraz
syrah – sirac
szürkebarát – auvergans gris
szürkebarát – grauburgunder
szürkebarát – graumönch
szürkebarát – pinot grigio
szürkebarát – pinot gris
szürkebarát – ruländer
sárga muskotály – moscato bianco
sárga muskotály – muscat blanc
sárga muskotály – muscat bélűj
sárga muskotály – muscat de frontignan
sárga muskotály – muscat de lunel
sárga muskotály – muscat lunel
sárga muskotály – muscat sylvaner
sárga muskotály – muscat zlty
sárga muskotály – muskat weisser
sárga muskotály – weiler
sárga muskotály – weisser
tramini – gewürtztraminer
tramini – roter traminer
tramini – savagnin rose
tramini – tramin cervené

tramini – traminer

tramini – traminer rosso

zenit

zöld veltelíni – grüner muskateller

zöld veltelíni – grüner veltliner

zöld veltelíni – veltlinské zelené

zöld veltelíni – zöldveltelíni

8. Tuairisc ar na naisc

8.1. Fíon (1)

Tuairisc ar an limistéar críochaithe

(a) Tosca nádúrtha agus cultúrtha

Ar cheann de na réigiúin fíona stairiúla is lú san Ungáir, tá an réigiún fíona Mór suite ar thaobh Vértés de Ghleann Mór, atá suite idir Cnoic Vértés agus Bakony i gContae Fejér.

Bíonn tionchar ag Gleann Mór ar an miocraeráid agus ag an ngnáthghaoth atá i réim sa réigiún fíona, ar éasclíne theicteonach í idir Cnoic Bakony agus Vértés. Socraíodh saintréithe moirfeolaíocha an lae inniu mar thoradh ar fhoirmiú dromchla sa tSainré Dhéanach Phléiceineach agus sa Ré Cheathartha, a tháirg butaí le caipíní gairbhéil, iomairí fada agus leathana, peidiméidí garbha agus ar fánaí réidh. Sliabhraon meánach carstach is ea Vértés le struchtúr blocshéibhe agus scoiltghleanna.

D'fhorbair an ithir foraoise dhonn le hinláisteadh cré agus leis an ithir dhonn ar lós measctha den chuid is mó le smionagar aolchloiche agus gaineamh Olagaicéineach. Bíonn an dolaimít agus an aolchloch clúdaithe ag ithreacha reinsíne.

Bíonn an aeráid oiriúnach chun fíniúnacha a fhás, cé go mbíonn sé níos fuaire ná an meán. Bíonn an geimhreadh séimh, le gluaiseacht aeir suntasach i rith na bliana. Lonraíonn an ghrian ar an gcuid is mó de na fíonghoirt i rith an tsamhraidh. Is é 10 °C an mheánteocht bhliantúil. Is iad dálaí éadroma measartha agus 600–650 mm de fhrasaíocht a bhíonn mar shaintréithe an limistéir. Titeann an chuid is mó den bháisteach sa samhradh, an chuid is lú di i mí Feabhra agus i mí an Mhárta. Gnáthghaotha siar ó thuaidh a bhíonn ann. Is iondúil go mbíonn an aimsir measartha fionnuar agus réasúnta fliuch.

(b) Tosca a bhaineann leis an duine

Ceaptar go dtéann saothrú fíniúna sa limistéar siar chomh luath le haimsir na Rómhánach. Mar sin féin, sna gníomhais a eisíodh tar éis bhunú stát na hUngáire san 11ú haois soláthraítear fianaise shoiléir ar an bhfionsaothrú áitiúil. Tagann an chéad taifead scríofa anuas ón aimsir tar éis Choncas na Maigiarach sna Meánaoiseanna. In uacht an Tiarna Miklós Csák in 1231 déantar an chéad trácht ar fhíonghoirt Vajal (Mór).

Bhí riail Ottoman díobhálach do shaothrú fíniúna sa limistéar. Dhóigh an garastún Turcach, ar tharraingt siar as Caisleán Csókakő dó, sráidbhailte, ag scriosadh na bhfíonghort chomh maith.

Agus ról ríthábhachtach á ghlacadh acu sa téarnamh ina dhiaidh sin bhí Ord Bhráithre Mionúra na gCaipisíneach agus na lonnaitheoirí Gearmánacha (ar thug na Hochburgs agus na Lambers iad isteach sa cheantar), a thug leo trealamh nua-aimseartha agus traidisiúin sofaisticiúla saothraithe fíniúna agus fíonóireachta. Bhunaigh siad a mainistir idir 1694 agus 1696, agus choimeád manaigh Chaipisíneacha de chuid Mór dlúthnaisc le manaigh eile an oird in Tokaj. De réir an traidisiúin chuir siad gearrthóga den chineál Ezerjő chucu chun cabhrú leo na fíonghoirt a athphlandú.

Tháinig cineál Ezerjő, ar a dtugtar “Hungaricum” sa lá atá inniu ann, chun bheith ina phríomhchineál fíniúna sa réigiún fíona le linn athphlandála tar éis eipidéim na míolta fíniúna sa 19ú haois. Bhí ról ríthábhachtach ag athshlánú na fíniúna agus an fhíona maidir le Mór a bheith ina bhaile margaidh in 1758.

Léirítear ó thaifid stairiúla gur buaineadh fíonchaora rísínithe den chéad uair i réigiún an fhíona in 1834. Sa 19ú haois, a bhuíochas le dea-iniomparthacht, díoladh cainníochtaí méadaithe d'fhíonta an réigiúin ar mhargadh na hOstaire.

Cé gur bunaíodh an chéad phobal fíona sa cheantar in Csákberény in 1882, tar éis a iarratais in 1901, cláraíodh bunú réigiún fíona neamhspleách Mór le foraithe in 1928.

Ó tar éis an Dara Cogadh Domhanda go dtí deireadh na 1980í, chuir Feirm Stáit Mór an cúla teicneolaíochta ar fáil le haghaidh saothrú finíúna agus próiseáil finíúna, na hacmhainní stórála riachtanacha agus cuid mhór de na deiseanna margaíochta ar fáil i réigiún an fhíona. Faoi lár na 1980í, bhí an limistéar fionsaothrúcháin tar éis an fhairsinge is mó dá raibh ann leis na céadta bliain a bhaint amach arís. Chomh maith leis an margadh baile a sholáthar, bhí díolacháin dírithe go príomha ar onnmhairiú chuig an Aontas Sóivéadach.

Tar éis athrú an chórais in 1990, foirceannadh an Fheirm Stáit, díchoimeáladh a hacmhainneachtaí fionsaothrúcháin, agus leis an bpríobháidíú, bhí cinniúint réigiún an fhíona ar ais i lámha lucht déanta cinntí áitiúil, feirmeoirí aonair áitiúla agus fionlann áitiúil. D'athraigh sé seo, ina dhiaidh sin, struchtúr an fhionsaothraithe go suntasach. D'éirigh go leor teaghlach le bheith ina saothróirí finíúna gairmiúla, agus anois tá go leor fionlann faoi bhláth in Mór agus sa cheantar máguaird. Laghdaíodh limistéar fionsaothrúcháin réigiún an fhíona go 685 ha.

A bhuíochas d'fhorbairt, taithí agus saineolas na gcéadta bliain a bheith ag na fionlanna teaghlaigh seo, bíonn níos mó tóra anois ná riamh ag tomhaltóirí ar fhíonta Mór. Is fianaise ar an treocht seo iad na boinn óir iomadúla atá buaite i gcomórtais fíona náisiúnta agus idirnáisiúnta agus oscailt na ndíolachán le haghaidh margái eachtracha.

8.2. Fíon (2)

Tuairisc ar na fíonta

Bíonn cumhracht shuibhir as fíonta Mór, agus dea-bholaithe orthu, bíonn neart alcóil agus aigéadacht acu atá réasúnta ard, agus bíonn siad taitneamhach agus tirim go hiondúil. Tá na fíonta seo thar a bheith taitneamhach mar gheall ar a saintréithe bríomhara, tathagacha agus an aigéadacht cothromaithe. I mblianta maithe fíona go háirithe táirgtear fíonta comhchuibhithe ina bhfuil aigéid shuntasacha agus tathag dá réir, rud a fhágann, i bhfianaise na teicneolaíochta fíonóireachta agus an aosaithe chuí, gur fíonta “premium” iad.

Is minic a thagraítear d'fhíonta Mór sa litríocht mar fhíon daingean, suntasach agus “fireann”. Tá na saintréithe, tathagacht, cion siúcra agus aigéadacht ag fíonta an réigiúin arb iad is sainairíonna iad de scothfhíonta. Tugann an ithir chailcreach saintréith aigéadach do na fíonta, arb é is toradh air a mblastacht den scoth. Tugann an saintréith aigéadach chéanna an cháilíocht coinneála d'fhíonta Premium den chineál roghnaithe, rud a ligeann dóibh forbairt agus fás ar feadh suas le roinnt blianta.

Mar gheall ar dhálaí feanntacha Ghleann Mór, bíonn galair fhungasacha finíúna neamhchoitianta. Ligeann sé seo do phróiseál finíúna sláintiúla sa chuid is mó de na blianta fíona. Bíonn fíonta geala a dhéantar as torthaí sláintiúla sármhaith freisin le haghaidh aosú fadtéarmach agus le haghaidh fíonta stairiúla (“muzeális borok”) a tháirgeadh.

Faoi dhálaí aimsire fabhracha, aibíonn finíúnacha den chineál Ezerjő go dtagann dath buí órga orthu agus bíonn blas fíoralainn orthu. Le linn blianta fíona áirithe, is féidir finíúnacha botraiteasaithe a úsáid chun príomhfhíon ardcháilíochta a tháirgeadh.

Nasc idir an limistéar táirgthe, tosca daonna agus an táirge

A bhuí le tosca nádúrtha agus daonna na timpeallachta geografaí, tá fíonta a bhfuil cáil náisiúnta orthu ar feadh na gcéadta bliain arna dtáirgeadh ag réigiún fíona Mór.

Tá dálaí maithe áitiúla fáis arna bhforbairt ag an méisea-aeráid agus ag an miocraeráid fhabhrach ar fhánaí theas, thiar theas na sléibhte agus na gcnoc.

Is sócmhainn iontach é cineál sonrach “feannta” an ghleanna chun srian a chur le galair fhungasach finíúna, chun rioscaí ó shioc a laghdú nó a sheachaint, nó chun aghaidh a thabhairt ar a minicíocht. I measc na ngnéithe tairbhiúla eile tá nochtadh fabhrach agus sárleas as solas na gréine ar fhánaí géara thiar theas ar imeall Ghleann Mór. Tá a saintréith shonrach féin ag fíonta Mór freisin mar thoradh ar chion aoil measartha ard na n-ithreacha.

Baineann réimse leathan saintréithe traidisiúnta ar leith le saothrú finíúnacha agus fíonóireacht sa réigiún, rud atá rithabhachtach maidir leis na tionchair fhadtéarmacha a bhaineann leo. Is féidir na difríochtaí suntasacha i saothrú finíúna agus i bpróiseáil finíúna i gcomparáid le réigiúin fíona eile a mhíniú, ar an gcéad dul síos, mar gur thug na lonnaitheoirí Gearmánacha leo cleachtais saothraithe a réigiún dúchais; ar an dara dul síos, mar gheall ar na manaigh Chaipisíneacha a thug isteach modhanna nua saothraithe finíúna agus fíonóireachta; agus ar an tríú dul síos, mar gheall gur forbraíodh na saintréithe seo go háitiúil den chuid is mó, ar leithrigh ag an am.

Úsáideann fionghoirt a shaothraítear go traidisiúnta fós prúnáil “mhaol” agus treorú an chinn le tacaí finíúnacha, atá tipiciúil den réigiún fíona, a bhfuil sé mar aidhm aige na triopaill ar na plandaí a thabhairt níos gaire don ithir, a éiríonn níos teo i rith an lae, rud a chinntíonn aosú maith agus cáilíocht níos fearr. Cloíonn táirgeoirí fíona Mór leis an gcur chuige saothraithe seo go dtí an lá atá inniu ann. Féachann gach déantóir fíona sa réigiún le modhanna oiliúna ísealfhíniúna a choinneáil.

Chomh maith leis sin, cabhraíonn díbhachlú cúramach leis na bachlóga a scaipeadh go cothrom, ag cur le fás sláintiúil na fíniúna, arb é an eochair é do tháirgeadh fionta torthaíocha Mór.

Tá an t-amhábhbar a tháirgtear ar an mbealach seo an-oiriúnach le haghaidh aosú níos faide, mar shampla, fionta premium, a dhéantar go traidisiúnta sa réigiún fíona ag baint úsáid as bairillí. Tá sé seo amhlaidh mar gheall ar an achar dromchla níos lú lena mbaineann aosú níos faide i mbairillí adhmaid.

Mar gheall ar chineál rialaithe agus trádmharc réigiún an fhíona go dtí na 1950í, tá roinnt cineálacha fíniúna gile den chuid is mó ag gabháil le Ezerjő ó shin. Ina measc seo tá Zöld veltelíni, Rizlingszilváni, Rajnai rizling, Chardonnay, Leányka, Királyleányka, Sauvignon, Szürkebarát agus Tramini, chomh maith le cúpla cineál fíniúna goirme a fhástar ar scála beag. Is é Ezerjő an cineál is tábhachtaí i réigiún an fhíona, nó fástar é ar bheagnach aon trian den limistéar.

Dá bhrí sin, samhlaítear fíon Mór fós go forleathan le “Móri Ezerjő”, a d’eascair as an teacht le chéile ámharach idir limistéar maith táirgthe agus scothchineál. Fástar an cineál in áiteanna éagsúla san Ungáir, ach aimsíodh a fhíorbhaile ar fhánaí Vértes.

9. Dálaí breise riachtanacha (pacáistiú, lipéadú, ceanglais eile)

Rialacha maidir le tásca (1)

Creat dlíthiúil:

Sa reachtaíocht náisiúnta

Cineál dála breise:

Forálacha breise a bhaineann le lipéadú

Tuairisc ar na dálaí:

- (a) Is féidir an abairt “oltalom alatt álló eredetmegjelölés” (“sonrúchán tionscnaimh faoi chosaint”) agus a leaganacha malartacha d’aidiachtaí Ungáirise, mar an gcéanna in aon cheann de theangacha oifigiúla an Aontais Eorpaigh, a bheith ar an lipéad.
- (b) Ar lipéad fíona ar a bhfuil an sonrúchán tionscnaimh faoi chosaint “Mór/Móri”, is féidir na focail “védett eredetű bor” (“fíon tionscnaimh faoi chosaint”) a chur in ionad na bhfocal “oltalom alatt álló eredetmegjelölés” (“sonrúchán tionscnaimh faoi chosaint”).
- (c) Is féidir an tasc “Móri” nó “Móri borvidék” (réigiún fíona Mór) a chur in ionad an tsonrúcháin tionscnaimh faoi chosaint “Mór”. Is féidir leagan na gramadaí malartaí dar díorthach “-i” a léiriú ar na lipéid freisin i gcás ainmneacha na mbardas uile a liostaítear i bpointe VIII/1.1.2 a léiriú ar na lipéid freisin.
- (d) Is rud sainordaitheach é bliain an fhíona a léiriú i gcás na bhfionta príomha agus na bhfionta nua uile.
- (e) Nuair a léirítear an bhliain fíona, ní mór 85 % den fhíon a bheith de thionscnamh na bliana fíona. Déantar eisceacht maidir le fionta príomha nó fionta nua, chomh maith le fionta “virgin vintage” nó fionta “chéad bhuainte”, fionta ar gá do 100 % díobh teacht ón mbliain fíona ábhartha.
- (f) Is féidir na téarmaí “termőhelyen palackozva” (arna bhuidéalú sa limistéar táirgthe), “termelői palackozás” (arna bhuidéalú ag an táirgeoir) agus “pincszövetkezeten palackozva” (arna bhuidéalú i gcomharchumann fionlainne) a léiriú ar aon fhíon “Mór/Móri”.
- (g) Is féidir “rosé” a chur in ionad an natha “rozé”, agus “cuvée” a chur in ionad “küvé”.

Rialacha maidir le tásca (2)

Creat dlíthiúil:

Sa reachtaíocht náisiúnta

Cineál dála breise:

Forálacha breise a bhaineann le lipéadú

Tuairisc ar na dálaí:

- (a) Féadfaidh fionta “küvé” or “cuvée” fionta a fhaightear trí roinnt cineálacha fíniúna a chumasc a léiriú, ar féidir ainm na gcineálacha fíniúna arb iad cuvée iad a léiriú ar an lipéad in ord íslitheach cainníochta chun faisnéis a sholáthar do thomhaltóirí. Má shonraítear ainmneacha na gcineálacha, ní mór ainmneacha na gcineálacha go léir atá sa cuvée a léiriú.
- (b) Is féidir an nath “Öreg tőkék bora” (“Fíon as seanfhíniúnacha”) a áireamh ar an lipéad nuair is ó thír a bhfuil a cuid fíniúnacha os cionn 40 bliain d’aois a thagann 85 % ar a laghad den fhíon.
- (c) Ceadaítear an nath “birtokbor” [fíon a fhástar ar an eastát] a úsáid ar fhíonta Mór ar choinníoll go dtagann 100 % de na fíniúnacha a úsáidtear mar amháibhar do na fionta ón limistéar ina saothraítear an fhíonlann shonrach. I gcás gnóthaí teaghlaigh, is féidir an abairt “birtokbor” [fíon arna fhás ar eastát] a léiriú freisin ar lipéad na bhfionta a tháirgtear i bhfionghoirt arna saothrú ag bail teaghlaigh.
- (d) Is féidir na habairtí “késői szüretelésű bor” [fíon buainte déanaí], “válogatott szüretelésű bor” [fíon buainte roghnaithe], “főbor” [príomhfíon], “jégbor” [oighearfhíon] agus “töppedt szőlőből készült bor” [fíon déanta as fionchaora rísínithe] a bheith ar lipéad na bhfionta premium amháin.

Nathanna srianta eile is féidir a léiriú:

Creat dlíthiúil:

Sa reachtaíocht náisiúnta

Cineál dála breise:

Forálacha breise a bhaineann le lipéadú

Tuairisc ar na dálaí:

- “Muzeális bor” [Fíon stairiúil]: fíon geal, den chineál premium
- “Birtokbor” [Fíon arna fhás ar eastát]: gach cineál fíona
- “Öreg tőkék bora” [Fíon ó sheanfhíniúnacha]: gach cineál fíona
- “Virgin vintage” nó “első szüret” [an chéad bhuain]: gach cineál fíona
- “Muskotály” [Muscat]: fíon geal
- “Cuvée” nó “küvé”: gach cineál fíona
- “Szűretlen” [Gan scagadh]: fíon dearg
- “Primőr” [Primeur] nó ‘újbor’ [fíon nua]: fíon geal, fíon rosé, fíon dearg
- “Barrique”: fíon geal, fíon dearg, fíon den chineál premium

Aonaid gheografacha níos lú a fhéadfar a úsáid de bhreis ar an STFC “Mór”

Creat dlíthiúil:

Sa reachtaíocht náisiúnta

Cineál dála breise:

Forálacha breise a bhaineann le lipéadú

Tuairisc ar na dálaí:

Bardais:

- Contae Fejér: Csákberény, Csókakő, Pusztavám, Söréd, Zámoly

Maidir le fionta Mór a bhfuil lipéad orthu ar a bhfuil ainm bardais, ní mór 85 % ar a laghad de na fíniúnacha a bheith de thionscnamh fionghort a rangaítear in aicme I nó II sa bhardas sin, agus féadfaidh suas le 15 % de na fíniúnacha próiseáilte a bheith de thionscnamh codanna eile de limistéar táirgeachta críochaithe Mór.

Rialacha maidir le cur i láthair

Creat dlíthiúil:

Eagraíocht a bhainistíonn an STFC/TTG, i gcás ina ndéanann Ballstáit foráil amhlaidh

Cineál dála breise:

Pacáistiú sa limistéar geografach críochaithe

Tuairisc ar na dálaí:

Ní fhéadfar fionta de chineál premium a dhíol ach i mbuidéil.

Níl feidhm ag an riail seo maidir le fionta a tháirgtear laistigh den limistéar táirgthe ag an táirgeoir ina shiléir féin lena dtomhailt ar an láthair.

Ní fhéadfar fionta den chineál premium a dhíol ach amháin sa bhliain fionta tar éis na buainte.

Táirgeadh lasmuigh den limistéar táirgthe críochaithe (1)

Creat dlíthiúil:

Eagraíocht a bhainistíonn an STFC/TTG, i gcás ina ndéanann Ballstáit foráil amhlaidh

Cineál dála breise:

Maolú maidir le táirgeadh sa limistéar geografach críochaithe

Tuairisc ar na dálaí:

Ar chúiseanna stairiúla, is féidir fionta STFC “Mór” a tháirgeadh sna contaetha agus sna bailte seo a leanas de bhreis ar na bardais a liostaítear i gCaibidil IV:

— Contae Fejér:

Bardais Aba, Alcsútdoboz, Bicske, Csabdi, Etyek, Felcsút, Gárdony, Gyúró, Igar, Kajászó, Kápolnásnyék, Lajoskomárom, Martonvásár, Mezőkomárom, Nadap, Pákozd, Pázmánd, Seregélyes, Sukoró, Szabadhídvég, Székesfehérvár, Tordas, Vál agus Velence

— Contae Bács-Kiskun:

Bardais Ágasegyháza, Akasztó, Apostag, Bácsalmás, Bácsszőlős, Ballószög, Balotaszállás, Bátmonostor, Bócsa, Borota, Bugac, Császártöltés, Csengőd, Csátalja, Csávolgy, Csikéria, Csólyospálos, Dunapataj, Dunavecse, Dusnok, Érsekcsanád, Érsekhalma, Felsőajos, Fülöpháza, Fülöpjakab, Hajós, Harkakötöny, Harta, Helvécia, Imrehegy, Izsák, Jakabszállás, Jánoshalma, Jászszenlászló, Kaskantyú, Kecel, Kecskemét, Kelebia, Kéleshalom, Kerekegyháza, Kiskőrös, Kiskunfélegyháza, Kiskunmajsa, Kisszállás, Kunbaja, Kunbaracs, Kunfehértó, Kunszállás, Kunszentmiklós, Ladánybene, Lajosmizse, Lakitelek, Pirtó, Páhi, Rémm, Solt, Soltszentimre, Soltvadkert, Sükösd, Szabadszállás, Szank, Szentkirály, Tabdi, Tázlár, Tiszaalpár, Tiszakécske, Tiszaug, Tompa, Vaskút agus Zsana

Táirgeadh lasmuigh den limistéar táirgthe críochaithe (2)

Creat dlíthiúil:

Eagraíocht a bhainistíonn an STFC/TTG, i gcás ina ndéanann Ballstáit foráil amhlaidh

Cineál dála breise:

Maolú maidir le táirgeadh sa limistéar geografach críochaithe

Tuairisc ar na dálaí:

— Contae Komárom-Esztergom:

Bardais Ászár, Baj, Bajót, Bársonyos, Császár, Csép, Dunaalmás, Dunaszentmiklós, Esztergom, Ete, Kerékteleki, Keszthely, Kibér, Kocs, Lábatlan, Mocs, Mogyorósbánya, Nagyigmánd, Neszmély, Nyergesújfalu, Süttő, Szomód, Tát, Tata, Tokod, Vérteskethely agus Vértesszőlős

— Contae Pest:

Bardais Abony, Albertirsa, Bénye, Budajenő, Budakeszi, Cegléd, Ceglédbercel, Csemő, Dány, Dömsöd, Gomba, Hernád, Inárcs, Kakucs, Kerepes, Kisnémedi, Kocsér, Kóka, Mogyoród, Monor, Monorierdő, Nagykovács, Ócsa, Órbottyán, Örkény, Páty, Pilis, Pilisborosjenő, Ráckeve, Szada, Szigetcsép, Szigetszentmárton, Szigetújfalu, Tápiószek, Tápiószentmárton, Telki, Tóalmás, Tököl, Újlengyel, Üröm, Vác, Vácsegyháza agus Veregyháza

— Contae Somogy:

Bardais Andocs, Balatonberény, Balatonboglár, Balatonendréd, Balatonkeresztúr, Balatonlelle, Balatonőszöd, Balatonszabadi, Balatonszemes, Böhönye, Csoma, Csurgó, Gyugy, Kaposhomok, Kaposkeresztúr, Karád, Kercseliget, Kéthely, Kötcse, Kőröshegy, Látvány, Lengyeltóti, Marcali, Mosdós agus Ordacsehi

Táirgeadh lasmuigh den limistéar táirgthe críochaithe (3)

Creat dlíthiúil:

Eagraíocht a bhainistíonn an STFC/TTG, i gcás ina ndéanann Ballstáit foráil amhlaidh

Cineál dála breise:

Maolú maidir le táirgeadh sa limistéar geografach críochaithe

Tuairisc ar na dálaí:

— Contae Tolna:

Bardais Alsónána, Alsónyék, Aparhant, Báta, Bátaapáti, Báticas, Bölcske, Bonyhád, Bonyhádvarasd, Decs, Dunaföldvár, Dunaszentgyörgy, Dúzs, Fácánkert, Felsőnyék, Grábóc, Gyönk, Györe, Györköny, Harc, Hőgyész, Iregszemcse, Izmény, Kakasd, Kéty, Kisdorog, Kismányok, Kísszekely, Kisvejke, Kölesd, Lengyel, Madocsa, Magyarkeszi, Medina, Mőcsény, Mórág, Mucsfa, Mucsi, Nagydorog, Nagymányok, Nagyszékely, Nagyszokoly, Ozora, Ócsény, Paks, Pincehely, Regöly, Sárszentlőrinc, Simontornya, Sióagárd, Szálka, Szekszárd, Tamási, Tengelic, Tevel, Tolna, Tolnanémedi, Váralja, Várdomb, Závod agus Zomba

— Contae Veszprém:

Bardais Ábrahámhegy, Alsóörs, Aszófő, Badacsonytomaj, Badacsonytördemic, Balatonakali, Balatonalmádi, Balatoncsicsó, Balatonederics, Balatonfüred, Balatonfőkajár, Balatonhenye, Balatonkenese, Balatonrendes, Balatonszepezd, Balatonszőlős, Balatonudvari, Balatonvilágos, Csopak, Csabrendek, Dörgicse, Felsőörs, Gyulakeszi, Hegyesd, Hegymagas, Káptalanfő, Kisapáti, Kővágóörs, Köveskál, Lesencefalu, Lesenceistvánd, Lesencetomaj, Lovas, Mencshely, Mindszentkál, Monostorapáti, Monoszló, Nemesgulács, Nemesvita, Óbudavár, Örvényes, Paloznak, Pécsely, Raposka, évfölöp, Salföld, Sáska, Sümeg, Sümegprága, Szentantalfa, Szentbékakál, Szentjakabfa, Szigliget, Tagyon, Tapolca, Tihany, Uza, Vászoly, Zalahaláp agus Zánka

Eisceachtaí ón riail seo is ea fionta den chineál premium, nach féidir a phróiseáil ach sna bardais a liostaítear i gCaibidil IV.

Nasc chuig an tsonraíocht táirge

https://boraszat.kormany.hu/admin/download/6/5f/d2000/Mor%20OEM_vv3_standard_korr_nelkul.pdf

ISSN 1977-107X (leagan leictreonach)
ISSN 1725-2458 (leagan páipéir)